



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Márta 2023
(OR. en)

7953/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0089(COD)**

**DRS 22
COMPET 290
IA 62
EJUSTICE 13
CODEC 541**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	30 Márta 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 177 final
Ábhar:	Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/102/CE agus Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 177 final.

Faoi iamh: COM(2023) 177 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.3.2023
COM(2023) 177 final

2023/0089 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2009/102/CE agus Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 377 final} - {SWD(2023) 177 final} - {SWD(2023) 178 final} -
{SWD(2023) 179 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá cuideachtaí i gcroílár an mhargaidh aonair. A bhuí lena ngníomhaíochtaí gnó agus lena n-infheistíochtaí, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann, tá ról ceannasach acu maidir le cur le rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais agus maidir le haistriú dúbailte an Aontais chuig geilleagar inbhuanaithe digiteach a chur i gcrích. Chuige sin, tá creat dlíthiúil intuartha de dhíth ar chuideachtaí, creat a chuideoidh leis an bhfás agus a chuirfear in oiriúint chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin nua eacnamaíocha agus shóisialta i ndomhan atá ag éirí níos digití. Cé go mbunaítear cuideachtaí faoin dlí náisiúnta, leagtar síos le dlí cuideachtaí an Aontais creat dlíthiúil a fheabhsaíonn deimhneacht dhlíthiúil ar fud an mhargaidh aonair agus intuarthacht dóibh. Ní mór an creat dlí cuideachtaí sin, a chuimsíonn ról agus freagrachtaí na gclár gnó, a choinneáil cothrom le dáta faoi fhorbairtí agus dúshláin nua. Is leis an gcuspóir sin atá an togra seo á chur chun cinn ag an gCoimisiún.

I gcomhréir le cuspóirí digitithe an Aontais a leagtar amach, go háirithe, sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Compás Digiteach 2030: an bealach Eorpach do na Deich mBliana Digiteacha*¹, is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na forbairtí sa digitiú agus sa teicneolaíocht atá tar éis athrú suntasach a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn cláir ghnó, agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn cláir ghnó, cuideachtaí agus údarais phoiblí le chéile maidir le saincheistanna a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Léirigh paindéim COVID-19 go soiléir an ról lárnach atá ag uirlisí digiteacha maidir le leanúnachas a áirithiú i dtaca le hidirghníomhaíochtaí cuideachtaí le cláir ghnó agus le húdarais. Tá sé d'aidhm ag an togra seo freisin bearta maidir le dlí na gcuideachtaí a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar leathnú trasteorann atá roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) faoi láthair sa mhargadh aonair, i gcomhréir leis na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún *Updating the 2020 New Industrial Strategy [An Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a thabhairt cothrom le dáta]*² agus *Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach*³.

Cuideoidh an togra seo le margadh aonair níos comhtháite agus níos digitithe a chruthú agus meastar go laghdófar an t-ualach riaracháin do chuideachtaí faoi thart ar EUR 437 milliún in aghaidh na bliana. Ina theannta sin, cuirfidh sé teorainn le hualaí nua a mhéid is féidir trí chur le cláir náisiúnta ghnó agus lena n-idirnascaidh trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS)⁴, agus córais náisiúnta agus traidisiúin dhlíthiúla éagsúla á gcur san áireamh ag an am céanna.

Go háirithe, féachann an togra le feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le cuideachtaí sa mhargadh aonair trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha amhail Córas Idirnasctha na gClár Gnó, feabhas a chur ar iontaofacht sonraí cuideachtaí agus muinín a chruthú idir cláir agus údarais na mBallstát, lena n-áirítear trí údarais phoiblí nasctha a chruthú. Tá sé d'aidhm aige freisin deireadh a chur le foirmiúlachtaí maidir le húsáid faisnéise cuideachta i gcásanna trasteorann agus iad a laghdú agus bunú fochuideachtaí agus brainsí i mBallstáit eile a dhéanamh níos gasta agus níos costéifeachtaí, lena n-áirítear trí 'phrionsabal na haonuaire' a úsáid (i gcás nach n-iarrfaí ar chuideachtaí an fhaisnéis chéanna a chur faoi bhráid na gclár gnó níos mó ná uair amháin). Ar an gcaoi sin, oibríonn sé chun an t-ualach riaracháin

¹ COM(2021) 118 final.

² COM(2021) 350 final.

³ COM (2020) 103 final.

⁴ [Cláir ghnó — cuardach a dhéanamh ar chuideachta san Aontas Eorpach](#)

foriomlán ar chuideachtaí agus ar pháirtithe leasmhara eile i gcásanna trasteorann a laghdú agus é a dhéanamh níos éasca do FBManna leathnú ar fud an Aontais.

Chun oibriú níos rianúla an mhargaidh inmheánaigh a neartú, tá sé ríthábhachtach a áirithiú gur féidir rochtain ar shonraí cuideachta trasteorann agus úsáid na sonraí sin a dhéanamh go héasca agus gan ualach riaracháin, agus ar an gcaoi sin bonn taca a chur faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch agus timpeallacht eacnamaíoch níos sábháilte agus níos fabhraí a chruthú do chuideachtaí, do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara eile (infheisteoirí, creidiúnaithe, fostaithe). Tá na coinníollacha sin ríthábhachtach chun oibríochtaí cuideachtaí a éascú, go háirithe FBManna, agus chun cabhrú leo teacht ar bhealaí chun margaid eile de chuid an Aontais a fhiosrú agus leathadh chucu, agus ar an gcaoi sin cur leis an bhfás eacnamaíoch.

I saol ina bhfuil an digitiú ag dul i dtreis i gcónaí, is láidre na héilimh ar thrédhearcacht ó infheisteoirí, ó chreidiúnaithe, ó thomhaltóirí agus ó chuideachtaí iad féin, ach mar sin féin tá bacainní fós ar rochtain ar fhaisnéis chuideachta ó chláir ghnó i gcásanna trasteorann. Níl an fhaisnéis chuideachta a theastaíonn ó pháirtithe leasmhara ar fáil go leordhóthanach go fóill i gcláir ghnó náisiúnta agus/nó trasteorann trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó, agus bíonn deacrachtaí ag páirtithe leasmhara an fhaisnéis sin a lorg. Foráiltear cheana féin i ndlí cuideachtaí an Aontais do cheanglais nochta chomhchuibhithe maidir le cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, ach níl roinnt sonraí tábhachtacha (e.g. sonraí maidir le riarachán lárnach cuideachtaí agus príomhionad gnó nó grúpaí cuideachtaí) ar fáil fós ar leibhéal an Aontais agus is annamh a bhíonn siad ar fáil i gcláir na mBallstát. Níl aon fhaisnéis ar leibhéal an Aontais ann ach oiread faoi eintitis eile, amhail comhpháirtíochtaí, a bhfuil ról tábhachtach acu i ngeilleagair go leor Ballstát.

Ciallaíonn na héilimh ar thrédhearcacht freisin gur cheart go mbeadh an fhaisnéis chuideachta iontaofa. Ní mór páirtithe leasmhara, údaráis agus an pobal a bheith in ann muinín a bheith acu go bhfuil an fhaisnéis faoi chuideachtaí cruinn, cothrom le dáta agus iontaofa ionas gur féidir leo í a úsáid chun críoch gnó, i nósanna imeachta riaracháin nó in imeachtaí cúirte. Ní áirítear i ndlí cuideachtaí an Aontais ach páirtchaighdeáin íosta le haghaidh seiceálacha *ex ante*. Cé go ndéanann na Ballstáit uile, go pointe áirithe, grinnscrúdú *ex ante* ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis faoi chuideachtaí, tá nósanna imeachta náisiúnta éagsúil ó chéile. Is minic nach mbíonn muinín leordhóthanach ann as faisnéis chuideachta chláráithe ó Bhallstáit eile.

Is minic a chuirtear bac ar fhaisnéis chuideachta a úsáid go díreach nó ní féidir í a úsáid i gcásanna trasteorann mar gheall ar bhacainní riaracháin rialta. Cruthaíonn siad sin ualaí ar chuideachtaí agus d'fhéadfadh éifeacht dhíspreagthach a bheith acu, go háirithe do FBManna. Mar shampla, agus fochuideachta nó brainse á bunú ag cuideachtaí i mBallstát eile, ní féidir leo brath fós ar phrionsabal na haonuaire, agus ní mór dóibh a gcuid sonraí féin, atá ina gcláir náisiúnta ghnó, a chur faoi bhráid chláir na mBallstát eile an athuair. Is minic a bhíonn orthu na doiciméid sin a dhlisteanú (apastail). Is minic a bhíonn deacrachtaí comhchosúla ag cuideachtaí freisin nuair is mian leo a gcuid faisnéise ón gclár náisiúnta gnó a úsáid, mar shampla agus iad ag déileáil le húdaráis inniúla nó in imeachtaí cúirte i mBallstát eile. Ina theannta sin, bíonn éagsúlacht ag baint le sleachta na gcuideachtaí a úsáideann cuideachtaí agus gairmithe dlí go minic chun faisnéis a dheimhniú agus chun cuideachtaí a shainaithint chun críoch éagsúil, agus ní féidir iad a úsáid i gcásanna trasteorann gan foirmiúlachtaí troma costasacha.

Is iad cuspóirí foriomlána an togra seo trédhearcacht agus muinín sa timpeallacht ghnó a fheabhsú, seirbhísí poiblí trasteorann níos digitithe agus níos nasctha a bhaint amach do chuideachtaí, agus leathnú trasteorann níos éasca do FBManna as a dtiocfaidh, dá réir sin, margadh aonair níos comhtháite agus níos digitithe.

Chun an méid sin a bhaint amach, déanfaidh an togra an méid seo a leanas:

- méid na sonraí cuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó agus/nó Córas Idirnasctha na gClár Gnó a mhéadú agus a n-iontaofacht a fheabhsú;
- úsáid dhíreach sonraí cuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó a chumasú agus brainsí agus fochuideachtaí trasteorann á mbunú, agus i ngníomhaíochtaí agus cásanna trasteorann eile.

Áirítear an togra seo i gclár oibre an Choimisiúin 2023 mar cheann de na príomhghníomhaíochtaí faoi phríomhuaillmhian an Choimisiúin ‘Eoraip atá oiriúnach don ré dhigiteach’⁵.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é is aidhm don togra seo na rialacha atá ann cheana maidir le dlí cuideachtaí an Aontais agus atá códaithe i dTreoir (AE) 2017/1132 (an Treoir Chódaithe maidir le Dlí na gCuideachtaí) a chomhlánú. Is é is aidhm dó an méid sonraí cuideachta atá ar fáil go poiblí i gcláir ghnó agus/nó trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó a mhéadú, iontaofacht na sonraí cuideachta i gcláir ghnó a fheabhsú agus úsáid na sonraí sin a éascú agus brainsí agus fochuideachtaí trasteorann á mbunú agus i ngníomhaíochtaí agus i gcásanna trasteorann eile. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an togra leis na forálacha atá ann cheana sa Treoir Chódaithe maidir le Dlí na gCuideachtaí agus leathnóidh sé na forálacha sin.

Le Treoir (AE) 2019/1151 (an Treoir maidir le Digitiú) díriodh ar nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh go hiomlán ar líne agus leagadh amach rialacha maidir le cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta a fhoirmiú go hiomlán ar líne, brainsí a chlárú agus doiciméid a thíolacadh go hiomlán ar líne i gcláir ghnó⁶. Comhlánaíonn an togra seo an Treoir sin ach díríonn sé ar shaincheistanna eile ina bhfuil gá le digitiú i ndlí cuideachtaí an Aontais, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht agus iontaofacht faisnéise cuideachta i gcláir ghnó agus i gCóras Idirnasctha na gClár Gnó, agus ar a húsáid i gcásanna trasteorann.

Leis an togra, cuirtear le húsáid Chóras Idirnasctha na gClár Gnó agus leathnaítear an úsáid sin gan a fheidhmiú ná a bhonneagar a athrú. Tá Córas Idirnasctha na gClár Gnó bunaithe ar oibleagáidí dlíthiúla a leagtar amach i dTreoir 2012/17/AE agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún. Cuirfidh an togra tuilleadh faisnéise cuideachta ar fáil trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó agus tabharfar isteach tuilleadh malartuithe idir cláir ghnó (chun prionsabal na haonuaire a chur i bhfeidhm) trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó. Ina theannta sin, nascaídh sé Córas Idirnasctha na gClár Gnó leis na córais eile maidir le hidirnascaidh na gclár ar leibhéal an Aontais.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Rannchuideoidh na bearta atá beartaithe go díreach leis na cuspóirí digitithe a leagtar amach sa Teachtaireacht *Compás Digiteach 2030*⁷, go háirithe chun an sprioc maidir le 100 % de na príomhsheirbhísí poiblí a bheith ar fáil ar líne do shaoránaigh agus do ghnólachtaí Eorpacha faoi 2030 a bhaint amach agus riaracháin phoiblí nasctha a chruthú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as prionsabal na haonuaire. Beidh an togra i gcomhréir freisin leis an gcur chuige a

⁵ COM(2022) 548 final.

⁶ Treoir (AE) 2019/1151 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132.

⁷ COM(2021) 118 final.

leagtar amach sa Teachtaireacht *Digitíú an cheartais san Aontas Eorpach*⁸, inar leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le huirlisí digiteacha do ghnólaigh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, idirghníomhú leis na húdaráis agus rochtain a bheith acu ar cheartas.

Is é is aidhm do na bearta atá beartaithe leathnú trasteorann FBManna a éascú go háirithe trí dheireadh a chur leis na foirmiúlachtaí is gá chun faisnéis chuideachta a úsáid i gcásanna trasteorann agus nuair atá fochuideachtaí agus brainsí á mbunú i mBallstáit eile nó trí na foirmiúlachtaí sin a laghdú. Chomh maith leis sin, freagraíonn siad go díreach do na Teachtaireachtaí *Updating the 2020 New Industrial Strategy [An Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a thabhairt cothrom le dáta]*⁹ agus *Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach*¹⁰. Luadh in Straitéis FBM go háirithe go 'rachaidh an Coimisiún i gcomhairle agus go ndéanfaidh sé measúnú ar an ngá atá le bearta breise maidir le dlí na gcuideachtaí chun leathnú agus méadú trasteorann FBManna a éascú.'

Ar an iomlán, beidh an togra ábhartha agus freagairt á tabhairt ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi an 24-25 Márta 2022, chun 'an Margadh Aonair a chomhlánú, go háirithe ó thaobh cúrsaí digiteacha agus seirbhísí' agus 'dlúthfhaireachán a dhéanamh ar scrogaill agus iad a chosc agus bacainní gan údar agus ualaí riaracháin atá fós ann a bhaint agus cinn nua a sheachaint.'¹¹

Leis an togra, go háirithe trína bhearta chun rialuithe *ex ante* ar shonraí cuideachtaí a fheabhsú agus trédhearcacht a mhéadú, cuideofar freisin leis an gcomhrac i gcoinne mhí-úsáid struchtúr dhlí na gcuideachtaí agus le smachtbhannaí AE a fhorchur go héifeachtach ar na cuideachtaí sin.

Tá an togra comhlántach agus comhleanúnach le tionscnaimh leanúnacha eile atá ábhartha don digitíú. Mar shampla, tá dlúthnasc ann le Rialachán eIDAS¹² agus le togra 2021 chun an Rialachán sin a leasú a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí¹³. I dTreoir 2019 maidir le Digitíú bhí úsáid ríomh-shainaitheantais agus seirbhísí iontaoibhe san áireamh cheana féin trí Rialachán eIDAS le haghaidh ríomh-shainaitheantais i nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí. Sa bhreis air sin, tá an togra seo ag brath ar úsáid seirbhísí iontaoibhe (e.g. chun a áirithiú go mbeidh an Deimhniú Cuideachta AE atá beartaithe agus cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais deimhnithe go leordhóthanach chun brath orthu i gcásanna trasteorann) agus go ndéanfar é a ailíniú leis na modhanna digiteacha nua, e.g. Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a tugadh isteach mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar chreat eIDAS.

Tá an togra comhlántach freisin le rialacha agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh trédhearcacht cuideachtaí a mhéadú. Áirítear leis sin an Treoir maidir le Sciúradh Airgid a Chomhrac¹⁴, lena ndírítear ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil, nó an Rialachán maidir le himeachtaí dócmhainneachta¹⁵, lena gcumhdaítear faisnéis faoi eintitis dhócmhainneacha atá ar fáil i gclár dhócmhainneachta. Go háirithe, is é is aidhm don togra Córas Idirnasctha na gClár Gnó a nascadh leis an gcóras um idirnascthaí chlár na

⁸ COM(2020) 710 final.

⁹ COM(2021) 350 final.

¹⁰ COM (2020) 103 final.

¹¹ [Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 24-25 Márta 2022 — Consilium \(europa.eu\)](#)

¹² Rialachán (AE) 910/2014.

¹³ COM(2021) 281 final.

¹⁴ Treoir (AE) 2015/849 arna leasú le Treoir (AE) 2018/843.

¹⁵ Rialachán (AE) 2015/848.

húinéireachta tairbhiúla (BORIS)¹⁶ agus le córas idirnasctha na gclár dócmhainneachta (IRI)¹⁷, ach gan na rialacha agus na teorainneacha le rochtain na faisnéise atá ar fáil sna hidirnaise sin a athrú ná dul timpeall orthu. Tá an togra seo ábhartha do na tionscnaimh chánachais a rinneadh le déanaí, e.g. an togra chun cosc a chur ar mhí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach¹⁸, ós rud é go gcuideoidh níos mó trédhearcachta agus sonraí cuideachta níos iontaofa le hobair na n-údarás cánach mar chuid de na tionscnaimh eile sin.

Tá an togra comhlántach freisin le tionscnaimh eile de chuid an Aontais arb é is aidhm dóibh faisnéis nó nósanna imeachta trasteorann a éascú, amhail an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach (Rialachán TAD)¹⁹ nó an togra le haghaidh pointe rochtana aonair Eorpach²⁰. Cé go leagtar amach sa togra seo nós imeachta dhlí na gcuideachtaí agus rialacha sonracha a bhaineann le faisnéis chuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó agus/nó trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó agus gur féidir é a úsáid go díreach ar bhonn trasteorann, foráiltear le Rialachán TAG do rialacha ginearálta maidir le faisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnamh atá ábhartha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar ar líne. Eisiann sé go sainráite óna raon feidhme nósanna imeachta a bhaineann le clárú tosaigh gníomhaíochta gnó leis an gclár gnó agus nósanna imeachta a bhaineann le bunú cuideachtaí nó gnólachtaí nó aon chomhdú ina dhiaidh sin ag cuideachtaí nó gnólachtaí de réir bhrí Airteagal 54(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ós rud é go n-éilíonn nósanna imeachta den sórt sin cur chuige cuimsitheach atá dírithe ar réitigh dhigiteacha a éascú ar feadh saolré cuideachta²¹. Mar sin féin, chun sineirgí le TAG a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi nósanna imeachta ar líne a leagtar amach sa togra seo ar fáil ar na suíomhanna gréasáin inrochtana trí bhíthin TAG²². An pointe rochtana aonair Eorpach, a dhíríonn den chuid is mó ar fhaisnéis maidir leis an margadh airgeadais a bhaineann le heintitis agus le táirgí d'infheisteoirí agus a bhfuil sé mar aidhm aige freastal ar riachtanais an mhargaidh, díreoidh sé ar úsáideoirí beartaithe éagsúla, agus rochtain a fháil ar fhaisnéis éagsúil agus í a úsáid ar bhealach atá éagsúil le Córas Idirnasctha na gClár Gnó a bhfuil an togra seo ag brath uirthi.

Díríonn an togra seo ar riachtanais úsáideoirí díreacha amhail cuideachtaí, páirtithe leasmhara eile agus údarais phoiblí rochtain a fháil ar shonraí oifigiúla cuideachtaí atá iontaofa agus cothrom le dáta agus iad a úsáid sa chomhthéacs trasteorann, bunaithe ar oibleagáidí dlíthiúla ó chláir ghnó. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear leis athúsáid faisnéise cuideachta ó chláir ghnó chun críoch tráchtála agus neamhthráchtála, rud a rialaítear leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte²³. Ar an gcaoi chéanna, ní chumhdaítear leis an togra oibleagáid na gclár gnó mar chláir ghnó staidrimh, rud a rialaítear leis an Rialachán maidir le staidreamh gnó a hEorpa²⁴.

¹⁶ [An Tairseach Eorpach don r-Cheartas — An córas um idirnascadh chlár na húinéireachta tairbhiúla \(BORIS\) \(europa.eu\)](#)

¹⁷ [An Tairseach Eorpach don r-Cheartas — Féimheacht agus cláir dhócmhainneachta — cuardaigh fêichiúnaithe dócmhainneacha san Aontas Eorpach \(europa.eu\)](#)

¹⁸ Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (COM/2021/565 final).

¹⁹ Rialachán (AE) 2018/1724.

²⁰ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha maidir le seirbhísí airgeadais, le margáí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht (COM/2021/723 final).

²¹ Féach aithris 23 agus Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2018/1724.

²² De réir an chur chuige a tugadh isteach i dTreoir (AE) 2019/1151, in aithris 9 agus in Airteagal 13f. Soiléirítear in Aithris 9 freisin an t-idirdhealú idir an Treoir sin agus Rialachán TAG.

²³ Treoir (AE) 2019/1024.

²⁴ Rialachán (AE) 2019/2152.

Ina theannta sin, tá na forálacha chun deireadh a chur le dlisteanú nó foirmiúlachtaí comhchosúla amhail apastail le haghaidh faisnéis chuideachta dheimhnithe a fhaightear ó chlár ghnó comhlántach leis an Rialachán maidir le Doiciméid Phoiblí²⁵. Cumhdaítear leis sin doiciméid phoiblí do shaoránaigh (mar shampla, teastas breithe, gníomh nótaire pósta, breithiúnas) agus foráiltear leis nach mór d'údaráis Ballstáit eile den Aontas glacadh leis na cóipeanna deimhnithe arna n-eisiúint ag údaráis Ballstáit den Aontas mar chóipeanna barántúla gan gá le stampa barántúlachta (i.e. an apastail).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 50(1) agus (2) CFAE, lena dtugtar de chumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle forálacha a ghlacadh chun saoirse bunaíochta a bhaint amach. D'úsáid reachtóir an Aontais an bunús dlí sin cheana féin chun gníomhú i réimse dhlí na gcuideachtaí. Go háirithe, is é is aidhm d'Airteagal 50(2)(b) dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit a áirithiú d'fhonn an staid ar leith laistigh den Aontas maidir leis na gníomhaíochtaí éagsúla lena mbaineann a fhionnadh. Le hAirteagal 50(2)(c) is féidir deireadh a chur le nósanna imeachta agus cleachtais riaracháin atá ina mbacainn ar shaoirse bunaíochta. Le hAirteagal 50(2)(f) is féidir srianta ar shaoirse bunaíochta a dhíothú de réir a chéile, maidir le brainsí nó fochuideachtaí araon a chur ar bun. Le hAirteagal 50(2)(g) is féidir bearta comhordaithe maidir le leasanna comhaltaí cuideachtaí agus páirtithe leasmhara eile a chosaint. Trí fheabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis na mBallstát tríd an gcóras um idirnascadh na gclár, trí dheireadh a chur le bacainní riaracháin ar an tsaoirse bunaíochta, lena n-áirítear nuair a bhíonn fochuideachtaí agus brainsí trasteorann á mbunú, agus trí cheanglais nua chomhchuibhithe maidir le nochtadh a sholáthar, rannchuideoidh an togra seo leis an tsaoirse bunaíochta mar a chumhdaítear in Airteagal 50 CFAE a bhaint amach.

Tá Airteagal 50 CFAE comhcheangailte le hAirteagal 114(1) CFAE lena féidir bearta a ghlacadh maidir le comhfhogasú na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin atá ceaptha sna Ballstáit chun an margadh inmheánach a bhunú agus a oibriú. Is é is aidhm don togra seo freisin aghaidh a thabhairt ar ilroinnt na gcur chuige rialála náisiúnta maidir le húsáid trasteorann agus glacadh trasteorann faisnéise cuideachta i gclár ghnó chomh maith le hionstraimí nótaire nó riaracháin i gcomhthéacs nósanna imeachta faoin Treoir Chódaithe maidir le Dlí na gCuideachtaí. Trí sheiceálacha aonfhoirmeacha a thabhairt isteach ar fhaisnéis chuideachta sula ndéanfar í a iontráil i gclár ghnó chun a hiontaofacht a fheabhsú, trí dheireadh a chur le bacainní riaracháin ar úsáid na faisnéise sin i gcásanna trasteorann lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin nó cúirte agus trí Dheimhniú Cuideachtaí AE comhchuibhithe a thabhairt isteach, rannchuideoidh an togra seo le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh mar a chumhdaítear in Airteagal 114 CFAE.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Is é cuspóir foriomlán an togra reachtaigh seo feidhmiú rianúil mhargadh aonair an Aontais a áirithiú trí rochtain trasteorann ar fhaisnéis chuideachta agus úsáid na faisnéise sin a éascú i gcásanna trasteorann. Tá breisluach láidir ag baint le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais toisc nach bhfuil na fadhbanna a dtéann an togra seo i ngleic leo teoranta do chríoch Ballstáit amháin ach is de chineál trasteorann iad, go háirithe mar gheall ar neamhréireachtaí sa

²⁵ Rialachán (AE) 2016/1191.

reachtaíocht náisiúnta. Ní féidir leis na Ballstáit feabhas leordhóthanach a chur ar na fadhbanna sin leo féin.

Chun raon feidhme na sonraí cuideachta atá ar fáil ar leibhéal an Aontais a mhéadú trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe chun a áirithiú go mbeidh na sonraí ag gach Ballstát ina gcláir ghnó agus go mbeidh rochtain ar na sonraí i bhformáid inchomparáide ilteangach go lárnach ar leibhéal an Aontais tríd an gcóras um idirnascadh na gclár. Tá an córas sin ann cheana agus tá sé ag feidhmiú ar leibhéal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe chun a áirithiú go ndéanfar seiceálacha coiteanna ar shonraí cuideachta sula ndéanfar iad a iontráil i gcláir náisiúnta ghnó chun a hiontaofacht a fheabhsú agus chun úsáid na sonraí sin i gcásanna trasteorann a éascú. Thairis sin, chun úsáid trasteorann sonraí cuideachta a chumasú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire, ní mór deireadh a chur le bacainní i gcásanna trasteorann. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir an breisluach a bhaineann le nascadh na gcóras um idirnascadh na gclár ar leibhéal an Aontais a bhaint amach ach amháin trí ghníomhaíocht an Aontais.

Leanfadh na Ballstáit a ghníomhódh ina n-aonar dá rialacha féin a chur i bhfeidhm i ndáil leis an méid sin agus is beag seans go dtabharfaí aghaidh ar na cásanna trasteorann ar bhealach comhoiriúnach sna rialacha sin. Dealraíonn sé, dá bhrí sin, mura ndéanfaí aon ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, gur dócha go mbeadh réitigh náisiúnta éagsúla ann mar thoradh ar bhearta éagsúla a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta. Bheadh bacainní fós roimh FBManna freisin, rud a d'fhágfadh go mbeadh feidhmiú éifeachtach na saoirse bunaíochta níos deacra agus bheadh tionchar ag na costais a bheadh ann dá bharr sin ar chuideachtaí go háirithe. Sa chomhthéacs sin, comhlíonann an idirghabháil spriocdhírthe ón Aontas i bhfoirm an togra seo prionsabal na coimhdeachta.

• Comhréireacht

Tá na bearta a thugtar isteach leis an togra seo i gcomhréir lena chuspóirí maidir le cur le méid agus iontaofacht na sonraí cuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó agus/nó trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó, agus a n-úsáid go díreach i gcásanna trasteorann a chumasú. Tá na forálacha atá beartaithe dírithe go maith agus iad ag díriú ar riachtanais úsáideoirí díreacha (e.g. cuideachtaí, páirtithe leasmhara eile agus údarais phoiblí) chun sonraí oifigiúla atá iontaofa agus cothrom le dáta ó chlár ghnó a úsáid sa chomhthéacs trasteorann (féach Roinn 1.3 den mheasúnú tionchair). Dírithe sa togra ar ghnéithe trasteorann agus tugtar isteach réitigh nach bhféadfadh na Ballstáit a bhaint amach leo féin. Tá na heilimintí comhchuibhithe teoranta don mhéid is gá agus is comhréireach chun na cuspóirí is gá a bhaint amach agus traidisiúin náisiúnta dlí á n-urramú ag an am céanna, lena n-áirítear na traidisiúin sin a bhfuil baint acu le nótaireacht i nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí agus, i gcás inar féidir, solúbthacht a sholáthar do na Ballstáit chun na ceanglais a bhaint amach i gcomhréir lena ndlíthe agus lena gcórais náisiúnta. Ina theannta sin, ní thugtar isteach leis an togra aon chórais nua, ach cuireann sé le húsáid an chórais um idirnascadh na gclár atá ann cheana agus atá oibríochtúil agus le Rialachán eIDAS²⁶ agus togra 2021 chun an Rialachán sin a leasú a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digítí Eorpaí²⁷.

Is fearr is féidir leis an bpacáiste de bhearta tosaíochta aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí toisc go gcuirfidh sé an chuid is mó den fhaisnéis ar fáil ar bhonn trasteorann agus go nascfaidh sé Córas Idirnasctha na gClár Gnó le dhá chóras AE eile um idirnascadh na gclár. Cuirfidh sé sin go mór le trédhearcacht chuideachtaí an Aontais sa mhargadh aonair. Beidh buntáistí

²⁶ Rialachán (AE) 910/2014.

²⁷ COM(2021) 281 final.

suntasacha ag baint leis freisin ó thaobh deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe toisc go bhforálfar leis do sheiceálacha *ex ante* agus tabharfar isteach freisin na ceanglais nós imeachta choiteanna bhreise chun faisnéis chuideachta a choinneáil cothrom le dáta. Ina theannta sin, beidh an tionchar dearfach is láidre aige ar úsáid dhíreach sonraí cuideachta a chumasú i gcásanna trasteorann mar ní hamháin go gcuirfidh sé prionsabal na haonuaire i bhfeidhm maidir le fochuideachtaí agus brainsí trasteorann a chur ar bun, ach tabharfaidh sé an Deimhniú Cuideachta AE isteach freisin agus cuirfidh sé deireadh le foirmiúlachtaí amhail an apastail (féach Roinn 7.2 den mheasúnú tionchair).

Ní théann an pacáiste thar a bhfuil riachtanach chun na bearta roghnaithe a bhaint amach. Léirigh an anailís ilchritéar a rinneadh le haghaidh na roghanna beartais uile, inar cuireadh san áireamh a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a gcomhleanúnachas agus a gcomhréireacht, go raibh glantairbhe dearfach ag na roghanna uile agus gurbh iad na bearta tosaíochta a rangáíodh sa chéad áit san anailís (féach Roinn 6.5 den mheasúnú tionchair agus Iarscríbhinn 4 maidir leis an modheolaíocht).

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní rachaidh an tionscnamh atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach trí dhíriú ar shaincheistanna trasteorann sonracha (i.e. riachtanais úsáideoirí díreacha rochtain a fháil ar shonraí oifigiúla trasteorann ó chlár ghnó agus iad a úsáid). Ní fhéadfadh na Ballstáit an méid sin a bhaint amach leo féin.

- **An rogha ionstraime**

Is i bhfoirm treorach atá an togra seo lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 agus Treoir 2009/102/CE. Le Treoir (AE) 2017/1132 rialaítear dlí na gcuideachtaí ar leibhéal an Aontais agus le Treoir 2009/102/CE comhlánaítear é le forálacha sonracha maidir le cuideachtaí aonbhaill.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Is é is aidhm don togra forálacha nua a thabhairt isteach, agus na forálacha atá ann cheana a chomhlánú a mhéid is gá, chun cur le méid na sonraí cuideachta atá ar fáil i gclár ghnó agus/nó trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó agus chun a n-iontaofacht a fheabhsú. Ina theannta sin tá sé d'aidhm aige úsáid dhíreach sonraí cuideachta atá ar fáil i gclár ghnó a chumasú agus brainsí agus fochuideachtaí trasteorann á mbunú agus i ngníomhaíochtaí agus cásanna trasteorann eile. Dá bhrí sin, ní dhearnadh aon mheastóireacht ar na rialacha a bhí ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún gníomhaíochtaí comhairliúcháin leathana mar chuid den tionscnamh seo chun tuairimí na ngrúpaí páirtithe leasmhara ábhartha a bhailiú. Áiríodh leis sin clár ghnó, údarais náisiúnta amhail údarais maidir le dlí cánach agus saothair, cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna agus comhlachais ghnó, gairmithe dlí a bhfuil baint acu le nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí, ceardchumann, chomh maith le hinfheisteoirí, creidiúnaithe, saoránaigh agus saineolaithe acadúla. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin measúnú ar thionchar tionscanta, comhairliúchán poiblí, comhairliúchán sonracha le FBManna, agallaimh spriocdhírithe le príomhpháirtithe leasmhara, agallaimh le gairmithe dlí a bhfuil saineolas acu i ndlí na gcuideachtaí, chomh maith le pléítí le saineolaithe ar dhlí na gcuideachtaí ó

aireachtaí na mBallstát agus cláir ghnó sa Sainghrúpa um Dhlí na gCuideachtaí. Cuireadh an fhaisnéis a bailíodh isteach sa togra.

Bhailigh an Coimisiún aiseolas maidir leis an measúnú ar thionchar tionscanta i samhradh 2021, agus thug ocht bpáirtí leasmhara aiseolas (lena n-áirítear údarais phoiblí (cláir ghnó), comhlachais ghnó, cuideachtaí, saoránaigh agus gairmithe dlí). Bhí an comhairliúchán poiblí maidir le dlí na gcuideachtaí digiteacha a uasghrádú ar siúl ón 21 Nollaig 2021 go dtí an 8 Aibreán 2022²⁸. Fuair an Coimisiún 83 fhreagra ó chomhlachais ghnó, ó shaoránaigh an Aontais, ó údarais phoiblí, ó chuideachtaí, ó ghairmithe dlí agus nótaireí, ó institiúidí acadúla/taighde, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó cheardchumann. Rinneadh an comhairliúchán sonrach le FBManna, trí ‘phainéal FBM’²⁹, idir an 2 Bealtaine agus an 10 Meitheamh 2022. D’fhreagair 158 bpáirtí leasmhara, agus ba ó FBManna i bhfoirm cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta a tháinig formhór na bhfreagraí. Ina theannta sin, eagraíodh ríomhshuirbhéanna spriocdhírthe (le cláir ghnó, údarais phoiblí, cleachtóirí dlí, eagraíochtaí gnó agus airgeadais agus cuideachtaí aonair) agus dhá cheardlann fhíorúla, le cuideachtaí agus le cláir ghnó, mar chuid de staidéar conraitheora sheachtraigh³⁰ a rinneadh don Choimisiún i gcomhthéacs an tionscnaimh seo.

Le linn na gníomhaíochtaí comhairliúcháin sin, dhearbhaigh tromlach mór na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear FBManna, go raibh deacrachtaí acu agus iad ag lorg faisnéise faoi chuideachtaí. Áiríodh leis sin nach raibh faisnéis faoi chuideachtaí i mBallstáit éagsúla inchomparáide, nárbh fhéidir faisnéis chuideachta ábhartha a aimsiú ar leibhéal an Aontais ach sna cláir ghnó náisiúnta amháin agus go raibh deacrachtaí teanga ann. Chuir gach grúpa páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo (cuideachtaí, údarais, eagraíochtaí gnó, cláir ghnó, ceardchumann, gairmithe dlí, saoránaigh) in iúl go dtacaíonn siad le faisnéis chuideachta níos comhchuibhithe a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais, agus chuir comhlachais ghnó in iúl nár cheart aon chostais bhreise a fhorchur ar chuideachtaí. Mheas formhór na bpáirtithe leasmhara (go háirithe údarais, cláir ghnó agus gairmithe dlí) go mbeadh sé úsáideach Córas Idirnasctha na gClár Gnó a nascadh le hidirnaisc AE de chláir úinéireachta tairbhiúla agus de chláir dhócmhainneachta.

Sna gníomhaíochtaí comhairliúcháin, leag a lán páirtithe leasmhara béim ar an tábhacht a bhaineann le sonraí iontaofa cuideachta. Chuir gairmithe dlí, lena n-áirítear nótaireí, béim ar leith ar a thábhachtaí atá seiceálacha leordhóthanacha chun iontaofacht sonraí cuideachta i gcláir ghnó a áirithiú. Deimhníodh le gníomhaíochtaí comhairliúcháin freisin go mbíonn deacrachtaí ag cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, agus iad ag úsáid na faisnéise atá ina gclár gnó náisiúnta cheana féin, agus iad ag déileáil le húdarais inniúla nó in imeachtaí cúirte nó nuair a bhíonn fochuideachtaí nó brainsí á mbunú i mBallstát eile, go háirithe mar gheall ar an ngá atá ann aistriúchán deimhnithe de dhoiciméid chuideachta a chur ar fáil agus doiciméid chuideachta a dhéanamh dleathach (apastail). Go ginearálta chuir páirtithe leasmhara in iúl go dtacaíonn siad leis na bearta atá beartaithe chun úsáid trasteorann sonraí cuideachta a éascú. Mar shampla, mheas a lán freagróirí, go háirithe FBManna, go laghdófaí costais riaracháin dá mba rud é nach mbeadh gá le faisnéis a chur isteach arís agus fochuideachtaí/brainsí á mbunú i mBallstát eile nó dá mbeadh sliocht cuideachta coitinne acu. Sna comhairliúcháin le dlíodóirí cleachtacha atá speisialaithe i ndlí na gcuideachtaí, deimhníodh freisin go laghdófaí costais agus an t-am a bheadh ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta dá gcuirfí i bhfeidhm

²⁸ [Dlí digiteach na gcuideachtaí a uasghrádú \(europa.eu\)](#)

²⁹ Is uirlis é an painéal FBM a chuireann ar a chumas don Choimisiún FBManna a shroicheadh ar bhealach spriocdhírthe agus eagraítear é i gcomhar leis na comhpháirtithe sa Líonra Fiontar Eorpach.

³⁰ [Dlí na gcuideachtaí agus rialachas corparáideach \(europa.eu\)](#)

prionsabal na haonuaire agus dá gcuirfí deireadh le foirmiúlachtaí. Thacaigh gairmithe dlí, lena n-áirítear nótaí, leis an smaoineamh go mbeadh sliocht cuideachta coitianta ann.

D'eagraigh an Coimisiún roinnt cruinnithe déthaobhacha freisin le príomhpháirtithe leasmhara i réimse dhlí na gcuideachtaí a dhéanann ionadaíocht ar ghnólachtaí, ar ghairmithe dlí agus ar fhostaithe chun saincheistanna is ábhartha dóibh a phlé. D'eagraigh sé roinnt agallamh freisin le gairmithe dlíthiúla a bhí ag obair i réimse dhlí na gcuideachtaí, rud as ar tháinig samplaí nithiúla den ualach riaracháin, de na costais agus den am a bhí ag teastáil le haghaidh nósanna imeachta, mar aon le riachtanais phraiticiúla le feabhas a chur orthu.

In 2021-2022, tionóladh trí chruinniú de chuid an tSainghrúpa um Dhlí na gCuideachtaí (CLEG)³¹, inar tugadh le chéile ionadaithe ó na Ballstáit ó na haireachtaí atá freagrach as dlí na gcuideachtaí, chun plé a dhéanamh ar na príomh-shaincheistanna beartais atá mar chuid den tionscnamh maidir le dlí digiteach na gcuideachtaí a uasghrádú³². Go ginearálta, bhí saineolaithe na mBallstát oscailte agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad leis na bearta atá beartaithe faoin togra seo. Go ginearálta, smaoinigh na Ballstáit ar fheabhas a chur ar thrédhearcacht sonraí cuideachta agus thacaigh siad leis na sonraí cuideachta atá ar fáil i gCóras Idirnasctha na gClár Gnó a leathnú. Measadh go mbeadh sé úsáideach na córais éagsúla um idirnasctha na gclár a nascadh le Córas Idirnasctha na gClár Gnó. Sa phlé, tharraing na Ballstáit ceistanna anuas faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chlár náisiúnta ghnó agus mheas siad go raibh roinnt dúshlán ag baint leis sin; d'fhiafraigh siad freisin faoin gcaidreamh idir na bearta atá beartaithe agus rialacha an Aontais agus na rialacha náisiúnta atá ann cheana. Go ginearálta, thug na Ballstáit aitheantas don tábhacht a bhaineann le sonraí cuideachta iontaofa agus chuir siad a dtuairimí in iúl maidir leis an gcaoi ar cheart breathnú le seiceálacha *ex ante* ar fhaisnéis cuideachta i bhfianaise na seiceálacha náisiúnta atá i bhfeidhm cheana féin. Thacaigh a lán Ballstát leis na bearta chun úsáid trasteorann na faisnéise cuideachta a éascú (e.g. prionsabal na haonuaire a thabhairt isteach chun fochuideachtaí agus brainsí trasteorann a bhunú, an chuideachta choiteann a asbhaint agus deireadh a chur le foirmiúlachtaí dlisteanaithe). Chuir na Ballstáit barúlacha ar fáil freisin maidir leis na saincheistanna sin, e.g. maidir leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa sliocht cuideachta coitinne nó maidir leis an tábhacht a bhaineann le doiciméid chuideachta a bheith deimhnithe le clár.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhain an Coimisiún úsáid freisin as torthaí staidéir conraitheora sheachtraigh³³, a rinneadh chun cabhrú le fianaise a bhailiú don tionscnamh seo. Áiríodh ann mapáil dhlíthiúil ar chórais náisiúnta dhlí na gcuideachtaí sna Ballstáit uile, ríomhshuirbhéanna spriocdhírthe, lena n-áirítear dhá cheardlann fhíorúla, agus measúnú cáilíochtúil agus cainníochtúil ar thionchair na mbearta a d'fhéadfadh a bheith ann.

Dhréachtaigh an Sainghrúpa Neamhfhoirmiúil um Dhlí na gCuideachtaí, ina bhfuil 17 n-acadóir ar dhlí na gcuideachtaí agus cleachtóirí ó 12 Bhallstát agus ó thíortha Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa, dhá thuarascáil maidir le saincheistanna a bhaineann leis an tionscnamh seo, maidir le thrédhearcacht sonraí faoi dhlí na gcuideachtaí agus maidir le húsáid trasteorann sonraí cuideachta³⁴.

- **Measúnú tionchair**

³¹ [Clár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna \(europa.eu\)](https://european-council.europa.eu/media/eu-press-room/en/infographic/eu-press-room/2022/02/20220215_CLEG_infographic_en.pdf)

³² Ghlac foghrúpa CLEG a bhíonn ag déileáil le Córas Idirnasctha na gClár Gnó, is é sin CLEG-BRIS, a thugann le chéile ionadaithe na mBallstát ó chlár ghnó, páirt freisin in dhá cheann de na cruinnithe sin.

³³ [Dlí na gcuideachtaí agus rialachas corparáideach \(europa.eu\)](https://european-council.europa.eu/media/eu-press-room/en/infographic/eu-press-room/2022/02/20220215_CLEG_infographic_en.pdf)

³⁴ [Clár de ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna \(europa.eu\)](https://european-council.europa.eu/media/eu-press-room/en/infographic/eu-press-room/2022/02/20220215_CLEG_infographic_en.pdf)

Scrúdaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an measúnú tionchair don togra seo an 12 Deireadh Fómhair 2022. Fuarthas tuairim dhearfach a raibh forchoimeádais ag gabháil léi an 14 Deireadh Fómhair³⁵, agus tugadh aghaidh go cuí ar na moltaí ón mBord sa leagan deiridh den mheasúnú tionchair.

Rinneadh anailís sa mheasúnú tionchair ar roghanna beartais faoi cheithre phríomhréimse a bhaineann leis an tionscnamh seo. Rinneadh measúnú ar thrí rogha beartais chun **níos mó sonraí cuideachta a chur ar fáil i gcláir ghnó agus/nó i gCóras Idirnasctha na gClár Gnó**, ina bhfuil cnuasaigh éagsúla de shonraí cuideachta agus atá éagsúil ó thaobh sonraí a bheith ar fáil cheana féin i gcláir ghnó nó gan iad a bheith ar fáil, agus ó thaobh raon feidhme de, i.e. an líon cuideachtaí a chumhdaítear. Ba í an rogha thosaíochta faisnéis a chur ar fáil faoi chomhpháirtíochtaí, brainsí cuideachtaí tríú tíortha, struchtúir agus úinéireacht grúpaí trasteorann, áit na bainistíochta agus an phríomhghníomhaíocht eacnamaíoch i gcláir náisiúnta/i gCóras Idirnasctha na gClár Gnó. Rinneadh measúnú ar dhá rogha chun **Córas Idirnasctha na gClár Gnó a idirnascadh le córais eile um idirnascadh clár ar leibhéal an Aontais agus chun cuardaigh níos fearr a chumasú**. Ba é an rogha thosaíochta Córas Idirnasctha na gClár Gnó a nascadh le córais BORIS agus IRI, an t-aitheantóir cuideachta uathúil Eorpach a úsáid, agus feidhmiúlachtaí cuardaigh nua a thabhairt isteach in Córas Idirnasctha na gClár Gnó. Rinneadh measúnú ar dhá rogha chun a **áirithiú go ndéanfaí fíorú leordhóthanach ar shonraí cuideachta sula n-iontrálfar sa chlár gnó iad**. Ba í an rogha thosaíochta oibleagáid a thabhairt isteach liosta comhchuibhithe eilimintí agus roinnt buncheanglais nós imeachta chomhchoiteanna a sheiceáil chun sonraí cuideachta iontaofa agus cothrom le dáta a áirithiú. Thairis sin, rinneadh measúnú ar thrí rogha chun **úsáid dhíreach trasteorann as sonraí cuideachta ó chláir ghnó a chumasú i gcásanna trasteorann**. Ba é an rogha thosaíochta úsáid phrionsabal na haonuaire a thabhairt isteach chun fochuideachtaí nó brainsí a bhunú i mBallstát eile, sliocht cuideachta comhchuibhithe a sholáthar san Aontas, aitheantas frithpháirteach sonraí cuideachta áirithe a áirithiú, agus deireadh a chur le foirmiúlachtaí (apastail). Is éard a bhí sa **rogha beartais thosaíochta fhoriomlán** pacáiste de na bearta a roghnaíodh faoi gach ceann de na ceithre phríomh-shaincheist. Measadh go dtreisíonn siad a chéile agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad uile riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí an togra seo ar an mbealach is fearr. Mar shampla, ní hamháin go gcuirfeadh an pacáiste níos mó sonraí cuideachta ar fáil agus go mbeadh rochtain níos éasca orthu ar fud an Aontais, ach d'áirítheodh sé go mbeadh na sonraí sin níos iontaofa freisin. Dá réir sin, bheadh sé sin ina réamhriachtanas chun úsáid dhíreach na sonraí sin a chumasú ar fud an mhargaidh aonair.

Leis an bpacáiste de bhearta tosaíochta, trí níos mó sonraí cuideachta a chur ar fáil go poiblí i gcláir ghnó agus ar leibhéal an Aontais trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó agus trí fheabhas a chur ar a n-iontaofacht, meastar go laghdófar an t-ualach riaracháin ar **chuideachtaí** ar an iomlán agus, dá réir sin, go mbeidh sé níos éasca rochtain a fháil ar mhaoiniú agus gnólachtaí a chur ar bun. Ina theannta sin, meastar go mbeidh coigilteas costais suntasach athfhillteach mar thoradh ar éascú úsáid trasteorann na sonraí sin agus fochuideachtaí nó brainsí nua á mbunú i mBallstát eile nó i gcásanna trasteorann eile, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin nó cúirte. Mar thoradh air sin, ba cheart go mbeadh sé i bhfad níos éasca gníomhaíochtaí gnó trasteorann a dhéanamh agus rochtain ar mhargaí Ballstát eile a éascú.

Meastar gur thart ar EUR 437 milliún in aghaidh na bliana an coigilteas costais athfhillteach a bheidh ann (laghdú ar ualach riaracháin) i gcás cuideachtaí a chuireann fochuideachtaí nó brainsí nua trasteorann ar bun agus i gcás gach cuideachta atá i mbun gníomhaíochtaí gnó

³⁵ SWD(2023) 179

trasteorann. An tráth céanna, beidh costais aonuaire ar chuideachtaí áirithe mar thoradh ar an bpacáiste, i.e. iad siúd nach gcomhdaíonn faisnéis shonrach faoi láthair le clár, agus meastar gur thart ar EUR 311 milliún a bheidh an costas sin. Beidh siad sin teoranta toisc nár cheart do na Ballstáit, mar shampla, na táillí comhdaithe a chur i bhfeidhm ar leithligh ar gach mír nua de shonraí cuideachta a chomhdaítear. Dá bhrí sin, bheadh na tairbhí athfhillteacha a mheastar a bheidh ann do chuideachtaí i bhfad níos mó ná na costais aonuaire, agus laghdóidh an tionscnamh go mór an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí sa mhargadh aonair.

Sa phacáiste seo leantar d'fhorbairtí a bhaineann leis an digitiú atá ar siúl i ndlí na gcuideachtaí go dtí seo. Inrochtaineacht agus iontaofacht níos fearr sonraí cuideachtaí, agus naisc níos fearr idir **cláir ghnó** a bhuí le prionsabal na haonuaire agus córais idirnasctha eile ar leibhéal an Aontais a nascadh le Córas Idirnasctha na gClár Gnó, ba cheart go n-éascódh na nithe sin obair na gclár toisc go mbeifí in ann cuardach a dhéanamh ar shonraí cuideachta ó Bhallstáit eile ar bhealach níos éasca agus toisc gur lú an gá a bheadh le doiciméid a iarraidh ar chuideachtaí. Mar gheall ar an ngá atá le cláir ghnó chun córais TF a oiriúnú, meastar gur thart ar EUR 5.4 milliún a bheidh costais aonuaire an phacáiste do gach clár gnó le chéile. Meastar gur thart ar EUR 4 mhilliún in aghaidh na bliana a bheidh na costais athfhillteacha le haghaidh gach cláir, e.g. chun fíorú *ex ante* a dhéanamh ar shonraí cuideachta. Mar sin féin, bheadh na Ballstáit in ann cur leis na hinfheistíochtaí TF a rinneadh cheana le haghaidh Chóras Idirnasctha na gClár Gnó le blianta beaga anuas, agus ba cheart na costais choigeartaithe le haghaidh fíoraithe a theorannú i bhfianaise na seiceálacha *ex ante* atá i bhfeidhm cheana féin i roinnt mhaith Ballstát. Ina theannta sin is dócha go mbeidh caillteanas éigin ioncaim ann do chlár a ghearrann táillí as sleachta cuideachta le haghaidh úsáid trasteorann, agus meastar go mbeidh thart ar EUR 7.9 milliún i gceist do gach clár.

Maidir leis na **húdaráis** eile, d'éascódh rochtain níos éasca ar thuilleadh tacar sonraí iontaofa cuideachtaí a gcuid oibre toisc go bhféadfaidís sonraí cuideachta a cheadú go díreach i gcláir ghnó agus i gCóras Idirnasctha na gClár Gnó agus toisc go mbeadh níos lú doiciméad ag teastáil ó chuideachtaí, rud a bheadh ina chúis le coigilteas éigin. Cé go gcaillfidh na húdaráis atá i gceannas ar apastail a eisiúint ioncam, caillteanas a mheastar a bheith cothrom le EUR 9.5 milliún in aghaidh na bliana, meastar go laghdófar an t-ualach riaracháin foriomlán trí dheireadh a chur leis an apastail i bhfianaise na héiginnteachta dlíthiúla atá ann faoi láthair agus na n-acmhainní daonna gaolmhara agus an ama a bhíonn ag teastáil chun í a eisiúint.

Meastar freisin go rachaidh an pacáiste chun tairbhe go mór don **tsochaí i gcoitinne**, lena n-áirítear tomhaltóirí, mar gheall ar an tionchar dearfach a mheastar a bheidh aige ar shonraí cuideachtaí níos inrochtana agus níos iontaofa a chur ar fáil ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, beidh tomhaltóirí in ann roghanna níos eolaí a dhéanamh agus iad ag ceannach ó chuideachtaí ó Bhallstáit eile nó ag déanamh conarthaí le cuideachtaí ó Bhallstáit eile. Éascófar an comhrac i gcoinne na mí-úsáide agus na calaoise le tuilleadh sonraí maidir le cuideachtaí trasteorann a bhfuil sé níos éasca teacht orthu, atá níos inrochtana agus atá níos iontaofa. Dá bhrí sin, cuideoidh an tionscnamh seo le margadh aonair níos cothroime a chruthú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Meastar go gcuirfidh an togra **tairbhí suntasacha simplithe ar fáil do chuideachtaí, go háirithe do FBManna**. Rochtain níos éasca ar shonraí cuideachtaí agus deireadh le bacainní riaracháin agus airgeadais maidir lena n-úsáid trasteorann, rachaidh an dá ní sin chun tairbhe do FBManna go háirithe toisc nach bhfuil a hacmhainní airgeadais agus riaracháin atá ag cuideachtaí móra acu. Bainfidh FBManna tairbhe mhór freisin as tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil toisc gur mó an difear a dhéanann rialacha doiléire agus casta dóibhsean ná do chuideachtaí níos mó. Rachaidh an tionscnamh chun tairbhe do ghnólachtaí nuathionscanta

freisin, toisc go bhfreagraíonn sé do na glaonna chun leathnú na ngnólachtaí nuathionscanta i gCaighdeán na Náisiún Aontaithe do Thionscanta an Aontais a éascú³⁶.

Trí chur leis an trédhearcacht agus leis an muinín sa mhargadh agus trína dhéanamh níos éasca cuideachtaí a chur ar bun i mBallstát eile agus trí thionchar dearfach a imirt ar ghníomhaíochtaí trasteorann, ba cheart go spreagfaidh an togra trádáil, seirbhísí agus sreafaí infheistíochta trasteorann agus, dá bhrí sin, go gcuirfidh sé leis an iomaíochas agus leis an bhfás sa mhargadh aonair. Beidh feidhm ag na bearta sin maidir le thart ar 16 mhilliún cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus 2 mhilliún comhpháirtíocht san Aontas.

Meastar go dtiocfaidh laghdú thart ar EUR 437 milliún in aghaidh na bliana ar chostais riaracháin athfhillteacha do chuideachtaí de bharr an togra. An tráth céanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh costais nua aonuaire ar chuideachtaí as faisnéis a chomhdú ar an gclár, costais a mheastar a bheith cothrom le thart ar EUR 311 milliún. Ar an iomlán, meastar go mbeidh an coigilteas athfhillteach do chuideachtaí i bhfad níos mó ná na costais aonuaire a bhaineann le sonraí breise cuideachta a chomhdú.

Leis an togra seo, déantar uasghrádú breise ar dhlí an Aontais maidir le cuideachtaí digiteacha **trí úsáid a bhaint as uirlisí agus próisis dhigiteacha**. Mar shampla, tá sé d'aidhm aige infhaighteacht faisnéise cuideachta a mhéadú, go háirithe ar an leibhéal trasteorann, trí níos mó sonraí cuideachta a chur ar fáil ar líne trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó ar an tairseach don r-Cheartas. Chun trédhearcacht a mhéadú a thuilleadh, nascfaidh sé Córas Idirnasctha na gClár Gnó le córais eile um idirnasctha clár ar leibhéal an Aontais, córais atá ar fáil tríd an tairseach don r-Cheartas. Cuirfidh sé sin go mór le riaracháin phoiblí níos nasctha a chruthú ar leibhéal an Aontais. Chun deireadh a chur leis an ualach riaracháin a bhíonn ann nuair a úsáideann cuideachtaí agus údarais phoiblí faisnéis chuideachta ar fud an Aontais, tugtar isteach Deimhniú Cuideachta AE digiteach agus cumhacht aturnae dhigiteach AE agus cuirtear prionsabal na haonuaire i bhfeidhm maidir le fochuideachtaí agus brainsí trasteorann a chur ar bun, a bhuí le malartuithe leictreonacha faisnéise idir cláir trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó. Díríonn an togra ar chóipeanna leictreonacha agus sleachta leictreonacha de dhoiciméid nó d'fhaisnéis chuideachta agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá a ndeimhniúchán i gcomhréir le Rialachán eIDAS. Dá bhrí sin, tá sé réidh don digitíú toisc go mbraitheann sé go mór ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus sonraí digiteacha. Cuirtear réitigh atá 'digiteach mar réamhshocrú' ar fáil freisin chun trédhearcacht a mhéadú maidir le cuideachtaí an Aontais agus maidir le nósanna imeachta dhlí na gcuideachtaí atá 'digiteach mar réamhshocrú' chun úsáid sonraí cuideachta ar fud an mhargaidh aonair a éascú.

Cé go ndírítear go príomha sa togra ar nósanna imeachta ar líne agus ar chóipeanna leictreonacha agus sleachta de dhoiciméid nó d'fhaisnéis chuideachta, cuirtear san áireamh sna forálacha ann an timpeallacht fhisiceach agus dhigiteach agus tugtar aghaidh freisin ar nósanna imeachta fisiciúla, e.g. aon chineál eile foirmithe cuideachtaí seachas go hiomlán ar líne, agus cóipeanna agus sleachta páipéir.

A bhuí leis an bhféidearthacht mhéadaithe atá ann nósanna imeachta agus uirlisí digiteacha a úsáid idir cláir ghnó agus cuideachtaí, agus idir cláir ghnó, agus cur i bhfeidhm méadaithe prionsabal na haonuaire, is dócha go mbeidh tionchar dearfach beag éigin ar an gcomhshaol ag an togra seo. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil sé comhsheasmhach leis an bprionsabal 'gan

³⁶ [Caighdeán maidir le Náisiún Nuathionscanta](#) — chun go mbeifear in ann doiciméid dlí ó dhlínsí eile de chuid an Aontais a chur isteach mar chruthúnas ar ionchorprú gnólachta nuathionscanta (nó cruthú fochuideachta do ghnólacht nuathionscanta atá ann cheana agus atá ag leathnú sa mhargadh aonair)

dochar suntasach a dhéanamh', leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Dlí Aeráide Eorpach³⁷ agus spriocanna 2030 agus 2040. Rannchuideoidh an togra seo go hindíreach freisin le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 8 maidir le hobair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch toisc go bhfeabhsóidh sé an timpeallacht ghnó sa mhargadh aonair.

- **Ceartha bunúsacha**

Éascóidh an togra cur chun feidhme an chirt bhunaíochta i ngach Ballstát, mar a fhorordaítear le hAirteagal 15(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go mbeadh tionchar dearfach ar chuideachtaí a bhaineann tairbhe as na deiseanna a chuireann an margadh aonair ar fáil, go háirithe maidir leis an tsaoirse chun gnó a dhéanamh a leagtar amach in Airteagal 16 den Chairt. Éileoidh an togra próiseáil áirithe, lena n-áirítear sonraí pearsanta a nochtadh a chuirfidh isteach ar an gceart chun saol pearsanta a chosaint mar a leagtar síos in Airteagal 7 agus an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, éileoidh an togra go nochtfar faisnéis áirithe maidir le heintitis dhlíthiúla (e.g. comhpháirtíochtaí) agus go mbeidh rochtain trasteorann ar fhaisnéis áirithe maidir le heintitis dhlíthiúla (e.g. comhpháirtíochtaí), lena n-áirítear sonraí pearsanta áirithe amhail faisnéis faoi chomhpháirtithe agus faoi scairshealbhóirí aonbhaill. De ghnáth, nochtar na sonraí sin go poiblí cheana féin sna Ballstáit, agus cuireann an togra seo sonraí den sórt sin ar fáil ar bhonn trasteorann trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó. Féadfaidh na Ballstáit roinnt sonraí pearsanta a phróiseáil freisin chun sonraí na cuideachta a fhíorú, rud atá amhlaidh cheana féin sna Ballstáit. Ní bheidh tionchar ag nascadh Córas Idirnasctha na gClár Gnó le córais idirnáisc eile de chuid an Aontais ar chosaint sonraí pearsanta toisc go gcoinneoidh gach córas a rialacha agus a cheanglais maidir le rochtain. Tá na réitigh atá beartaithe riachtanach agus comhréireach chun trédhearcacht a fheabhsú, muinín a chruthú idir na Ballstáit agus deimhneacht dhlíthiúil agus cosaint tríú páirtithe a áirithiú agus faisnéis chuideachta á húsáid acu ar bhonn trasteorann agus rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise agus na mí-úsáide agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aonair. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 8 den Chairt, le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear an cásdlí ábhartha³⁸.

Cuirfidh an togra seo le hinfhaighteacht faisnéise cuideachta i gcláir ghnó, go háirithe ar an leibhéal trasteorann. Sa chomhthéacs sin, ní mór aird ar leith a thabhairt ar a hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, i bhfianaise na mbacainní breise atá rompu. Tá beartais an Aontais maidir le daoine faoi mhíchumas bunaithe ar dhlí príomha an Aontais, lena n-áirítear Airteagal 26 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (maidir leis an gceart atá ag daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as bearta atá ceaptha chun a neamhspleáchas, a lánpháirtíú sóisialta agus gairmiúil agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú) agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD). I measc nithe eile, ceanglaíonn UN CRPD, a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit araon ina bpáirtithe ann, ar na Stáit is Páirtithe bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar fhaisnéis agus ar chumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais faisnéise agus cumarsáide, agus ar shaoráidí agus seirbhísí eile atá oscailte don phobal nó a chuirtear ar fáil don phobal. I gcomhréir leis an

³⁷ Rialachán (AE) 2021/1119 an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach.

³⁸ Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725, e.g. Cás C-398/15 Manni.

méid sin, cuirtear i bhfios go láidir sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 gur cumasóir na gceart í an inrochtaineacht ar na timpeallachtaí tógtha agus fíorúla, ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC), ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear iompar agus bonneagar, agus gur réamhriachtanas í le haghaidh rannpháirtíocht iomlán daoine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile. Dá bhrí sin, ba cheart an rochtain ar fhaisnéis chuideachta i gcláir ghnó a dheonú i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas dá bhforáiltear i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta is infheidhme. Ina theannta sin, chun rochtain a áirithiú ar fhaisnéis chuideachta arna soláthar ag na cláir ghnó sna Ballstáit uile ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile, ba cheart a mheas san athbhreithniú ar cheart bearta breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Meastar go mbeidh tionchar buiséadach áirithe ag an togra ar na Ballstáit, tionchar a measadh sa mheasúnú tionchair don togra seo agus a bhfuil tuairisc air sa roinn thuas faoin measúnú tionchair.

Maidir leis an tionchar ar bhuiséad an Aontais, méadaítear raon feidhme Chóras Idirnasctha na gClár Gnó leis an togra seo. Chuige sin, beidh gá le sonraíochtaí agus caighdeáin theicniúla atá ann cheana a fhorbairt a thuilleadh, tuilleadh oibre a dhéanamh ar fhorbairt bogearraí ar an gcóras agus comhordú na ngníomhaíochtaí a dhéanann údaráis náisiúnta chun na forbairtí riachtanacha TF a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. Chun na cúraimí sin a dhéanamh, ní bheidh sé riachtanach cur leis na hacmhainní reatha sa Choimisiún atá ag obair ar bhainistíocht ghnó Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (1 choibhéis lánaimseartha/FTE) agus ar bhainistiú tionscadal (1.25 FTE). Thairis sin, na cistí a sholáthraítear chun cothabháil rialta a dhéanamh ar Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (thart ar EUR 2 mhilliún in aghaidh na bliana faoi láthair, a chuirtear ar fáil faoin gclár don Eoraip Dhigiteach), beidh siad leordhóthanach freisin chun na cúraimí a cheanglaítear faoin togra seo a dhéanamh.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuideoidh an Coimisiún leis na Ballstáit na forálacha faoin togra seo a thrasú trí dhlúthchomhar le saineolaithe náisiúnta ar dhlí na gcuideachtaí in CLEG agus trí threoir a chur ar fáil de réir mar is gá (e.g. trí cheardlanna trasú a eagrú, comhairle dhéthaobhach a chur ar fáil)³⁹. Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar chur chun feidhme na mbearta atá beartaithe agus áiritheoidh sé go mbeidh sé i gcomhréir leis an togra le haghaidh Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach⁴⁰ agus leis an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta⁴¹, rud a chothóidh idir-inoibritheacht trasteorann agus trasearnála san Eoraip. Is éard a bheidh i gceist leis an bhfaireachán anailís a dhéanamh ar thionchar an togra ar inrochtaineacht agus iontaofacht sonraí cuideachta i gcláir ghnó agus trí Chóras Idirnasctha na gClár Gnó trí theagmhálacha spriocdhírthe le páirtithe leasmhara ábhartha, trí phléití le cláir ghnó laistigh de CLEG agus

³⁹ D'fhéadfadh cúnamh breise a bheith ar fáil trí ionstraimí de chuid an Aontais, agus, i measc ionstraimí eile, tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, a thacaíonn leis na Ballstáit trí shaineolas teicniúil saincheaptha chun athchóirithe a cheapadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le gnó a éascú, clár oibre digitithe agus úsáid uirlisí digiteacha.

⁴⁰ COM(2022) 720 final.

⁴¹ COM(2017) 134 final.

ar bhonn faisnéise a d'fhéadfaí a bhailiú trí Córas Idirnasctha na gClár Gnó nó trí chórais eile de chuid an Aontais maidir le hidirnasctadh clár amhail BORIS nó IRI. D'áireofaí le faireachán freisin anailís a dhéanamh ar a mhéid a éascaíodh úsáid dhíreach sonraí cuideachta trasteorann agus a mhéid atá na bearta a thugtar isteach leis an togra seo á n-úsáid ag páirtithe leasmhara, e.g. trí anailís a dhéanamh ar na treochtaí maidir le fochuideachtaí agus brainsí trasteorann a bhunú ar fud an Aontais nó tríd an líon Deimhnithe Cuideachta AE a eisíodh a sheiceáil. D'fhéadfaí cuid den fhaisnéis ábhartha a fháil ó Chóras Idirnasctha na gClár Gnó agus d'fhéadfadh an Coimisiún faisnéis eile a bhailiú trí theagmhálacha spriocdhírithe le páirtithe leasmhara ábhartha, suirbhéanna agus staidéir spriocdhírithe más gá. Ba cheart tuarascáil mheastóireachta a tharraingt suas chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an togra seo a luaithe a bheidh taithí leordhóthanach faighte ar chur i bhfeidhm na bhforálacha atá beartaithe. Dhéanfaidh sé anailís freisin ar acmhainneacht na hidir-inoibritheachta trasearnála le córais eile ar leibhéal an Aontais lena gcuirtear sásraí ar fáil le haghaidh comhar idir údarais inniúla, e.g. i réimsí an chánachais nó na slándála sóisialta nó an Córas Teicniúil Aonuaire faoi Rialachán TAG, chun cur leis an bhfaisnéis ó bhunfhoinse faoi chuideachtaí i gclár ghnó, a n-idirnasacht ar leibhéal an Aontais agus úsáid EUID chun an fhaisnéis atá ar fáil faoi chuideachta ar leith a nascadh i gcórais éagsúla an Aontais, agus chun dúbláil a sheachaint agus chun rannchuidiú le riaracháin phoiblí níos nasctha a chruthú ar bhonn trasteorann sa mhargadh aonair. Níor cheart aon ualach riaracháin nach gá a chur ar na páirtithe leasmhara lena mbaineann trí fhaisnéis a sholáthar chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh Treoracha)**

Is leasú é an togra ar Threoir 2009/102/CE maidir le dliteanas teoranta príobháideach aonbhaill agus ar Threoir (AE) 2017/1132 a bhaineann le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí. Ionas go bhféadfaí cur chun feidhme cuí na Treorach casta seo a áirithiú, bheadh gá leis an doiciméad míniúcháin, e.g. i bhfoirm táblaí comhghaoil.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasú ar Threoir 2009/102/CE

Cuirtear Airteagal eile in ionad Airteagal 3 de Threoir 2009/102/CE. Is é is aidhm don fhoráil nua a áirithiú go ndéanfar céannacht an chomhalta aonair a nochtadh i gcónaí i gclár ghnó náisiúnta agus go gcuirfear ar fáil í tríd an gcóras um idirnasctadh na gclár.

Leasuithe ar Threoir (AE) 2017/1132

Le hAirteagal 1 leathnaítear an t-ábhar a thagann faoi Threoir (AE) 2017/1132 chun na réimsí nua sin a chumhdach a gcuireann an togra seo bearta leo.

Leathnaítear Airteagal 7 chun comhpháirtíochtaí a chumhdach i gcomhréir le hAirteagal 10.

Cuirtear foráil nua in ionad Airteagal 10 lena dtugtar isteach an ceanglas rialú coisctheach riaracháin nó breithiúnach a bheith ann agus nós imeachta chun seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh ar ionstraim chomhdhéanaimh cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta agus comhpháirtíochtaí araon i modh foirmithe atá go hiomlán ar líne, hibrídeach nó as líne. Mura bhfuil ionstraim chomhdhéanaimh ag comhpháirtíocht, beidh feidhm ag an tseiceáil dlíthiúlachta maidir le haon doiciméad ina soláthraítear an fhaisnéis chéanna agus atá ag an ionstraim chomhdhéanaimh.

Áirítear in Airteagal 13 leasaithe, i gcás ina sonraítear sin sna forálacha ábhartha, comhpháirtíochtaí faoi raon feidhme Roinn 1 agus Roinn 1A de Threoir (AE) 2017/1132.

Áirítear in Airteagal 13a sainmhínithe a bhaineann leis an Airteagal 14b nua maidir le grúpaí cuideachtaí agus leis an Airteagal 16a nua maidir le dlisteanú a dhíolmhú.

Leasaítear Airteagal 13b chun é a ailíniú leis an athbhreithniú ar Rialachán eIDAS i ndáil le Tiachóg na Céannachta Digítí Eorpaí.

Leasaítear Airteagal 13c chun a áirithiú nach gcuirfidh na rialacha náisiúnta maidir le barántúlacht, cruinneas, iontaofacht, agus foirm dhlíthiúil iomchuí doiciméad nó faisnéise cosc ar chur i bhfeidhm na bhforálacha nua maidir leis an Deimhniú Cuideachta AE, cumhacht aturnae dhigiteach, doiciméid atá díolmhaithe ó dhlísteanaí/apastail agus aistriú na ndoiciméad sin.

In Airteagal 13f leasaithe maidir le ceanglais faisnéise áirítear faisnéis faoi rialacha a bhaineann le comhpháirtíochtaí agus faisnéis faoi na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le spriocdhátaí a chomhdú agus rialacha eile maidir le faisnéis an chlár a choimeád cothrom le dáta.

Leasaítear Airteagal 13g chun prionsabal na haonuaire a chur san áireamh, prionsabal ar dá réir nach gá do chuideachta faisnéis atá ina clár féin a chur isteach arís agus cuideachta á foirmiú aici i mBallstát eile. Ina ionad sin, déanann na clár an fhaisnéis sin a mhalartú, trína n-aisghabhann an clár ina bhfuil an chuideachta le foirmiú an fhaisnéis sin ó chlár na cuideachta.

Leasaítear Airteagal 13h le bheith i gcomhréir le hAirteagal 10 leasaithe.

Ailínítear Airteagal 13j le hAirteagail 10 agus 15 leasaithe.

Leasaítear Airteagal 14 chun an áit riaracháin lárnaigh agus an phríomháit ghnó a áireamh i liosta na ndoiciméad agus na faisnéise atá le nochtadh sa chlár gnó i gcás nach bhfuil siad sin sa Bhallstát céanna ina bhfuil an oifig chláraithe.

Tugtar isteach le hAirteagal 14a nua liosta na ndoiciméad agus na faisnéise atá le nochtadh go héigeantach don chlár gnó ag comhpháirtíochtaí.

Le hAirteagal 14b nua tugtar isteach ceanglas nochta maidir le faisnéis a bhaineann le grúpa. Ba cheart don mháthairchuideachta deiridh agus don fhochuideachta araon an ceanglas sin a chomhlíonadh. Má tá an mháthairchuideachta deiridh bunaithe lasmuigh den Aontas, ba cheart don mháthairchuideachta idirmheánach AE an ceanglas ábhartha maidir le nochtadh a chur i gcrích. I gcás nach rialaítear aon mháthairchuideachta idirmheánach le dlí Ballstáit, ba cheart don fhochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit an fhaisnéis is gá a nochtadh. Ní mór do mháthairchuideachta deiridh AE nó do mháthairchuideachta idirmheánach AE nó don fhochuideachta faisnéis a nochtadh a bhaineann le fochuideachtaí AE agus le fochuideachtaí neamh-AE de chuid an ghrúpa. Ba cheart an fhaisnéis sin a roinnt freisin le clár na bhfochuideachtaí. Cuirtear léirshamhlú ar an ngrúpa ar fáil tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.

Cuirtear Airteagal eile in ionad Airteagal 15. Leis an bhforáil nua, tugtar isteach teorainn ama chun athruithe a chomhdú ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis sa chlár agus na doiciméid sin atá le

cur ar fáil go poiblí sa chlár. Ceanglaítear leis freisin ar na Ballstáit nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun an fhaisnéis a choinneáil cothrom le dáta sa chlár gnó, lena n-áirítear stádas cuideachtaí.

Leasaítear Airteagal 16 chun comhpháirtíochtaí agus faisnéis nochta a bhaineann le comhpháirtíochtaí a chur san áireamh ina raon feidhme, agus an fhaisnéis ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 14b atá le taifeadadh sa chlár gnó.

Leasaítear Airteagal 16a chun faisnéis faoi chomhpháirtíochtaí agus faoi ghrúpaí a áireamh sa raon feidhme agus chun comhoiriúnacht leis an togra Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí a áirithiú.

Le hAirteagal 16b nua tugtar isteach Deimhniú Cuideachta AE comhchuibhithe.

Déantar foráil in Airteagal 16c nua do shamhail chaighdeánach don Chumhacht aturnae dhigiteach AE is féidir a úsáid i nósanna imeachta trasteorann i gcomhthéacs Threoir 2017/1132. Cé gur cheart an chumhacht aturnae a tharraingt suas agus a chúlghairm i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, tugtar isteach leis an bhforáil roinnt fíoruithe éigeantacha don tráth a bheidh sí á tarraingt suas. Ba cheart an chumhacht aturnae a chomhdú i gclár gnó na cuideachta, agus ba cheart rochtain a bheith ag tríú daoine a bhfuil leas dlisteanach acu uirthi.

Le hAirteagal 16a nua ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go ndíolmhófar cóipeanna agus sleachta de dhoiciméid faisnéise arna soláthar, agus cóipeanna dílse deimhnithe ó chlár ghnó chomh maith le gníomhartha nótaire agus doiciméid riaracháin agus a gcóipeanna deimhnithe, chomh maith le haistriúcháin dheimhnithe, ó aon chineál dlisteanaithe nó foirmiúlacht chomhchosúil fad a chomhlíonann siad íoscheanglais áirithe a bhaineann le tionscnamh an doiciméid.

Foráiltear le hAirteagal 16e nua do choimircí i gcás ina bhfuil amhras ar na húdaráis a gcuirtear cóipeanna agus sleachta de dhoiciméid na faisnéise arna soláthar ar fáil dóibh, agus fíorchóipeanna deimhnithe ó chlár ghnó, faoi thionscnamh agus faoi bharántúlacht na ndoiciméad. I gcás amhrais, tugtar isteach nós imeachta chun tionscnamh na ndoiciméad a fhíorú trí chlár.

Le hAirteagal 16f nua ceanglaítear ar na Ballstáit cóipeanna de dhoiciméid agus d'fhaisnéis arna soláthar ag clár ghnó a dhíolmhú ó aistriúchán agus a úsáidtear i gcásanna trasteorann ina bhfuil rochtain ar an bhfaisnéis tríd an gcóras um idirnascadh na gclár trí lipéid mhíniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18 nó i gcás ina n-áirítear an fhaisnéis shonrach i nDeimhniú Cuideachta AE dá dtagraítear in Airteagal 16b. Leis an bhforáil freisin, déantar na haistriúcháin dheimhnithe ar an ionstraim chomhdhéanaimh agus ar na reachtanna nó ar dhoiciméid eile arna soláthar ag na clár ghnó i gcás ina mbíonn sé fíor-riachtanach agus sa chás sin amháin.

Leathnaítear Airteagal 17 chun go mbeidh feidhm aige maidir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi chomhpháirtíochtaí.

Leathnaítear Airteagal 18 chun go mbeidh feidhm aige maidir le faisnéis faoi chomhpháirtíochtaí agus faoi ghrúpaí. Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 18 leasaithe na sonraí pearsanta ba cheart a chur ar fáil tríd an gcóras um idirnascadh na gclár. Soiléirítear ann freisin nár cheart do na Ballstáit sonraí pearsanta a tharchuirtear tríd an gcóras um

idírnascadh na gclár a stóráil chun críoch sonracha mura bhforáiltear a mhalairt le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.

Le hAirteagal 19a nua tugtar isteach rialacha maidir le táillí a ghearrfar as faisnéis faoi chomhpháirtíochtaí atá ar fáil tríd an gcóras um idírnascadh na gclár ar an gcaoi chéanna leis na rialacha atá ann cheana maidir le faisnéis faoi chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta (i.e. Airteagal 19 atá ann faoi láthair).

Tá feidhm ag Airteagal 21 leasaithe freisin maidir le faisnéis atá le nochtadh faoi chomhpháirtíochtaí agus faoi ghrúpaí.

Leasaítear Airteagal 22 chun foráil a dhéanamh maidir le naisc rochtana idir an córas um idírnascadh na gclár, idírnascadh na gclár úinéireachta tairbhiúla⁴² agus idírnascadh na gclár dócmhainneachta⁴³.

Áirítear in Airteagal 24 leasaithe na gníomhartha cur chun feidhme nua ábhartha is gá chun na forálacha sonracha a chur chun feidhme.

Leasaítear Airteagal 26 chun go mbeidh feidhm aige maidir le comhpháirtíochtaí.

Sonraítear in Airteagal 28 leasaithe gur cheart pionóis a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus liostaítear ann na cásanna éigeantacha inar cheart pionóis a chur i bhfeidhm.

Leasaítear Airteagal 28a chun mionsonraí a shonrú maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na haonuaire maidir le comhdú brainsí (chun é a ailíniú leis na rialacha in Airteagal 13g (arna leasú) maidir le fochuideachtaí trasteorann a chur ar bun) nuair a chláraíonn cuideachta brainse i mBallstáit eile.

Leasaítear Airteagal 28b i gcomhréir le hAirteagal 15 leasaithe.

Leasaítear Airteagal 30 trí phointe b de mhír 2 a scriosadh toisc go gcumhdaítear é sin anois le hAirteagal 16b ar an Deimhniú Cuideachta AE.

Foráiltear le hAirteagal 36 leasaithe gur cheart faisnéis faoi bhraintí tríú tír a chur ar fáil go poiblí tríd an gcóras um idírnascadh na gclár agus sonraítear ann an fhaisnéis ar cheart rochtain a fháil uirthi saor in aisce.

Leasaítear Airteagal 40 lena cheangal gur cheart pionóis a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

⁴² Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73–117.

⁴³ Rialachán (AE) Uimh. 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (athmhúnlú), IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19–72.

In Iarscríbhinn IIB tugtar isteach liosta na gcomhpháirtíochtaí sna Ballstáit a chumhdaítear leis an Treoir.

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Treoir 2009/102/CE agus Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próisis dhigiteacha i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh , agus go háirithe Airteagal 50(1), Airteagal 50(2) agus Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ leagtar síos *inter alia* rialacha maidir le faisnéis chuideachta a nochtadh i gcláir ghnó na mBallstát agus córas um idirnascadh na gclár. Tá an córas sin i bhfeidhm ó mhí an Mheithimh 2017 agus faoi láthair nascann sé cláir na mBallstát go léir. Mar fhreagairt ar fhorbairtí digiteacha, leasaíodh Treoir (AE) 2017/1132 le Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴ chun rialacha a sholáthar maidir le cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta a fhoirmiú go hiomlán ar líne, brainsí trasteorann a chlárú agus doiciméid a thíolacadh do chláir ghnó.
- (2) I saol ina bhfuil an digitiú ag dul i dtreis i gcónaí, tá uirlisí digiteacha ríthábhachtach chun leanúnachas oibríochtaí gnó agus idirghníomhaíochtaí cuideachtaí le cláir ghnó agus le húdarais a áirithiú. Chun muinín agus trédhearcacht sa timpeallacht ghnó a mhéadú agus oibríochtaí agus gníomhaíochtaí cuideachtaí sa mhargadh aonair a éascú, go háirithe i ndáil le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna'), mar a shonraítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún⁵, tá sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag cuideachtaí, údarais agus páirtithe leasmhara

¹ IO C , lch. .

² IO C , lch. .

³ Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46).

⁴ Treoir (AE) 2019/1151 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí (IO L 186, 11.7.2019, lch. 80).

⁵ Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

eile ar fhaisnéis iontaofa faoi chuideachtaí is féidir a úsáid gan foirmiúlachtaí troma i gcomhthéacs trasteorann.

- (3) Freagraíonn an Treoir seo do na cuspóirí digitithe a leagtar amach sna Teachtaireachtaí ‘Compás Digiteach 2030’⁶ agus ‘Digitiú an cheartais san Aontas Eorpach’⁷ agus don ghá atá ann leathnú trasteorann FBManna a éascú, a leagtar béim air sna Teachtaireachtaí ‘*Updating the 2020 New Industrial Strategy*’ [An Straitéis Tionsclaíochta Nua 2020 a thabhairt cothrom le dáta]⁸ agus ‘Straitéis FBM d’Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach’⁹.
- (4) Cuireann bacainní i gcásanna trasteorann bac fós ar rochtain ar fhaisnéis chuideachta iontaofa ó na cláir agus ar úsáid na faisnéise sin. Ar an gcéad dul síos, níl an fhaisnéis chuideachta atá á lorg ag úsáideoirí, lena n-áirítear cuideachtaí agus údarais, ar fáil go leordhóthanach fós i gcláir náisiúnta agus/nó i gcláir trasteorann tríd an gcóras um idirnascadh na gclár. Ar an dara dul síos, cuirtear bac fós ar úsáid na faisnéise cuideachta sin i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin os comhair údarais náisiúnta nó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, imeachtaí cúirte nó cur ar bun fochuideachtaí nó brainsí trasteorann, mar gheall ar nósanna imeachta agus ceanglais atá fadálach agus costasach, lena n-áirítear an gá atá le hapastail nó aistriúchán ar dhoiciméid chuideachta.
- (5) Ní mór do gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear cuideachtaí iad féin, údarais agus an pobal i gcoitinne a bheith in ann brath ar fhaisnéis faoi chuideachtaí chun a gcríoch gnó nó i nósanna imeachta riaracháin nó in imeachtaí cúirte. Dá bhrí sin, is gá gur cruinn, cothrom le dáta agus iontaofa a bheidh sonraí cuideachta, a iontrálfar i gcláir ghnó agus a bhfuil rochtain orthu tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.
- (6) Ba chéad chéim thábhachtach é caighdeáin a thabhairt isteach le Treoir (AE) 2019/1151, maidir le rialuithe ar chéannacht agus ar inniúlacht dhlíthiúil daoine a fhoirmíonn cuideachta, a chláraíonn brainse nó a chomhdaíonn doiciméid nó faisnéis ar líne. Tá sé ríthábhachtach anois bearta breise a dhéanamh chun iontaofacht na faisnéise cuideachta i gcláir a fheabhsú chun a húsáid i nósanna imeachta riaracháin trasteorann agus in imeachtaí cúirte a éascú.
- (7) Cé go ndéanann na Ballstáit uile, go pointe áirithe, grinnscrúdú *ex ante* ar dhoiciméid chuideachta agus ar fhaisnéis chuideachta sula ndéantar iad a iontráil sa chlár gnó, tá cuir chuige éagsúla sna Ballstáit maidir le déine na seiceálacha, na nósanna imeachta is infheidhme nó an duine nó an comhlacht atá i gceannas ar an bhfaisnéis a fhíorú. Is é an toradh a bhíonn air sin nach bhfuil muinín leordhóthanach ann i ndoiciméid chuideachta ná i bhfaisnéis chuideachta ar bhonn trasteorann agus i gcásanna nach nglactar uaireanta le doiciméid chuideachta nó le faisnéis chuideachta ó chlár gnó i mBallstát amháin mar fhianaise i mBallstát eile.
- (8) Dá bhrí sin, agus traidisiúin na mBallstát á n-urramú, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar seiceálacha áirithe i ngach Ballstát de réir na gcaighdeán céanna lena ráthaítear ardleibhéal cruinnis agus iontaofachta maidir leis an bhfaisnéis. Chun na críche sin, is gá na caighdeáin reatha a leathnú trí iad a dhéanamh éigeantach i gcoitinne, ní hamháin chun cuideachtaí a fhoirmiú go hiomlán ar líne, ach freisin maidir le haon chineál eile foirmithe cuideachtaí. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina

⁶ COM(2021) 118 final.

⁷ COM(2020) 710 final.

⁸ COM(2021) 350 final.

⁹ COM(2020) 103 final.

gceadaíonn na Ballstáit modhanna eile comhdaithe chomh maith le comhdú ar líne, ba cheart feidhm a bheith ag na caighdeáin chéanna chun an fhaisnéis uile a iontráiltear sa chlár a chur faoi réir an chaighdeáin chéanna.

- (9) Ba cheart rialú coisctheach riaracháin nó breithiúnach, lena n-urramaítear traidisiúin na mBallstát, lena n-áirítear rannpháirtíocht fhéideartha nótaí, a áirithiú i ngach Ballstát chun iontaofacht sonraí cuideachta trasteorann a áirithiú. Ba cheart seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh ar ionstraim chomhdhéanaimh na cuideachta, ar reachtanna na cuideachta má tá siad in ionstraim ar leithligh, agus ar aon leasú ar na hionstraimí agus ar na reachtanna sin, ós rud é gurb iad sin na doiciméid is tábhachtaí a bhaineann leis an gcuideachta.
- (10) Chun costais a laghdú a thuilleadh agus ualaí riaracháin a bhaineann le foirmiú cuideachtaí a laghdú, lena n-áirítear fad na nósanna imeachta, agus chun leathnú cuideachtaí sa mhargadh aonair, go háirithe FBManna, a éascú, ba cheart úsáid phrionsabal na haonuaire a leathnú a thuilleadh i réimse dhlí na gcuideachtaí. Aithnítear an prionsabal sin go maith san Aontas cheana féin, lena n-áirítear faoin Teachtaireacht maidir le Compás Digiteach 2030 mar bhealach chun go mbeidh riaracháin phoiblí in ann sonraí agus fianaise a mhalartú thar theorainneacha, agus úsáidtear é i réimsí éagsúla, amhail an córas teicniúil aonuaire le haghaidh malartú fianaise uathoibrithe trasteorann faoin Tairseach Aonair Dhigiteach¹⁰.
- (11) Is éard atá i gceist le prionsabal na ‘haonuaire’ a chur i bhfeidhm nach n-iarrtar ar chuideachtaí an fhaisnéis chéanna a chur faoi bhráid údaráis phoiblí níos mó ná uair amháin. Mar shampla, níor cheart go mbeadh ar chuideachtaí doiciméid chuideachta ná faisnéis na cuideachta a tiolacadh cheana féin a chur isteach sa chlár ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus fochuideachta á cruthú i mBallstát eile. Ina ionad sin, ba cheart faisnéis faoin gcuideachta a mhalartú go leictreonach idir an clár ina bhfuil an chuideachta cláraithe agus an clár ina bhfuil fochuideachta le clárú, trí úsáid a bhaint as an gcóras um idirnascadh na gclár. Ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil sa chlár gnó d’aon údarás, comhlacht nó duine atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné d’fhoirmiú cuideachta.
- (12) Chun cur leis an trédhearcacht agus leis an iontaoibh i ndáil le cuideachtaí sa mhargadh aonair, agus chun oibríochtaí agus gníomhaíochtaí trasteorann cuideachtaí a éascú, tá sé rithábachtach tuilleadh faisnéise cuideachta a chur ar fáil ar fud an Aontais agus a áirithiú go mbeidh sí inchomparáide agus inrochtana. Ba cheart é sin a dhéanamh trí chur leis an bhfaisnéis chuideachta atá ann cheana i gclár náisiúnta agus trína cur ar fáil ar leibhéal an Aontais tríd an gcóras um idirnascadh na gclár, chomh maith le rochtain a sholáthar ar thuilleadh faisnéise sna cláir náisiúnta agus tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.
- (13) Tá faisnéis faoi áit an riaracháin lárnaigh agus faoin bpríomhált ghnó tábhachtach chun cur leis an trédhearcacht, agus ar an gcaoi sin an deimhneacht dhlíthiúil a threisiú i ndáil le caidrimh ghnó chuideachtaí an Aontais, lena n-áirítear nuair a bhíonn infheistíocht á déanamh sna cuideachtaí sin. Tá an fhaisnéis sin ábhartha freisin i gcomhthéacsanna éagsúla amhail i gcásanna dócmhainneachta nó athstruchtúrúcháin, do dhlí na hiomaíochta, do chuspóirí cánach nó slándála sóisialta,

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

nó d'údaráis agus iad ag dul i ngleic le calaois nó mí-úsáid, toisc gur féidir léi rannchuidiú le cuideachtaí caocha atá calaoiseach nó mí-úsáideach a shainaithint. D'fhéadfadh na heilimintí sin faisnéis úsáideach a sholáthar maidir leis an gcaoi a bhfuil cuideachtaí i mbun gnó agus a mhéid atá cuideachtaí nasctha leis an Aontas.

- (14) Tagraítear in Airteagal 54 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh don riarachán lárnach agus don phríomháit ghnó mar aon leis an oifig chláraithe mar naisc chinntitheacha leis an Aontas, agus is minic a bhíonn siad lonnaithe sa Bhallstát céanna. Mar sin féin, is éard atá i gceist leis an tsaoirse bunaíochta, mar atá soiléirithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an ceart atá ag cuideachta a riarachán lárnach nó a príomháit ghnó a bheith aici i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil an oifig chláraithe lonnaithe. Sa chás sin, ba cheart rochtain a bheith ag páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis sin chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus a leasanna a chosaint. Dá bhrí sin, chun rochtain níos éasca ar an bhfaisnéis sin a sholáthar agus chun ualaí riaracháin a laghdú do chuideachtaí agus d'údaráis, ba cheart faisnéis faoin mBallstát nó faoin tríú tír ina bhfuil an riarachán lárnach nó an phríomháit ghnó suite, i gcás nach bhfuil sí i mBallstát na hoifige cláraithe, a nochtadh i gclár náisiúnta ghnó agus a chur ar fáil go poiblí tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.
- (15) Chun leasanna tríú páirtithe a chosaint agus muinín a fheabhsú in idirbhearta gnó le cineálacha éagsúla cuideachtaí sa mhargadh aonair, tá sé tábhachtach trédhearcacht a fheabhsú agus rochtain níos éasca a sholáthar ar bhonn trasteorann ar fhaisnéis maidir le 'comhpháirtíochtaí tráchtála'. Tá ról tábhachtach acu sin i ngeilleagar na mBallstát agus tá siad cláraithe i ngach clár náisiúnta gnó, ach tá difríochtaí ann idir na cineálacha comhpháirtíochtaí agus na cineálacha faisnéise a chuirtear ar fáil fúthu ar fud an Aontais, rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí ann maidir le rochtain trasteorann ar an bhfaisnéis sin. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ba cheart an fhaisnéis bhunúsach chéanna maidir le 'comhpháirtíochtaí tráchtála' a nochtadh i ngach Ballstát. Ba cheart na ceanglais maidir le nochtadh do chomhpháirtíochtaí a bheith ar aon dul leis na ceanglais atá ann cheana maidir le nochtadh do chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta ach ba cheart iad a chur in oiriúint do shaintréithe sonracha na gcomhpháirtíochtaí. Mar shampla, ba cheart go gcuimhdófaí leis na ceanglais maidir le nochtadh faisnéis faoi chomhpháirtithe, lena n-áirítear na comhpháirtithe sin atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht. Amhail i gcás cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a cheangal ar chomhpháirtíochtaí doiciméid nó faisnéis a nochtadh thar an méid a cheanglaítear leis an Treoir seo. I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta i ndoiciméid bhreise den sórt sin nó san fhaisnéis bhreise sin, ba cheart do na Ballstáit sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹.
- (16) Ba cheart go mbeadh rochtain ar fhaisnéis maidir le 'comhpháirtíochtaí tráchtála' ar leibhéal an Aontais tríd an gcóras um idirnascadh na gclár ar an mbealach céanna agus atá do chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, agus faisnéis áirithe a chur ar fáil saor in aisce, agus ba cheart iad a shainaithint go haonchiallach tríd an aitheantóir uathúil Eorpach ('EUID').

¹¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

- (17) Tá leas dlisteanach ag scairshealbhóirí, infheisteoirí ionchasacha, creidiúnaithe, údaráis, fostaithe agus comhlachais na sochaí sibhialta i rochtain a bheith acu ar fhaisnéis a bhaineann le struchtúr an ghrúpa lena mbaineann cuideachta. Tá faisnéis faoi ghrúpaí cuideachtaí tábhachtach chun an trédhearcacht a chur chun cinn agus muinín sa timpeallacht ghnó a fheabhsú agus chun rannchuidiú le brath éifeachtach scéimeanna calaoiseacha nó mí-úsáideacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'ioncam poiblí agus d'inchreidteacht an mhargaidh aonair. Dá bhrí sin, ba cheart faisnéis faoi struchtúir grúpa a nochtadh i gcláir ghnó agus tríd an gcóras um idirnascadh na gclár do ghrúpaí intíre agus trasteorann araon.
- (18) Ba cheart do mháthairchuideachtaí deiridh a rialaítear le dlí Ballstáit faisnéis bhunúsach maidir lena bhfochuideachtaí go léir a nochtadh dá gcláir náisiúnta toisc gurb iad sin is fearr atá in ann an fhaisnéis sin a sholáthar. I gcás ina rialaítear an mháthairchuideachta deiridh le dlí tríú tír, ba cheart don fhochuideachta is gaire don mháthairchuideachta deiridh sa slabhra rialaithe ach atá bunaithe san Aontas agus arna rialú ag dlí Ballstáit an oibleagáid nochta sin a chomhlíonadh. I gcás inar máthairchuideachta idirmheánach í fochuideachta den sórt sin, ba cheart don mháthairchuideachta idirmheánach sin faisnéis a chur ar fáil faoin ngrúpa ar fad, i.e. an mháthairchuideachta deiridh agus a fochuideachtaí go léir. I gcás ina bhfuil roinnt máthairchuideachtaí idirmheánacha atá bunaithe san Aontas sa ghrúpa, ba cheart don ghrúpa a roghnú cén mháthairchuideachta idirmheánach ar cheart di an ceanglas nochta a chomhlíonadh. I gcás nach rialaítear aon mháthairchuideachta idirmheánach le dlí Ballstáit, ba cheart don ghrúpa fochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit a roghnú chun an ceanglas nochta sin a chomhlíonadh.
- (19) Chun trédhearcacht fheabhsaithe a sholáthar maidir leis na fochuideachtaí ar cuid de ghrúpa iad, ba cheart faisnéis an ghrúpa agus go háirithe an fhaisnéis faoin máthairchuideachta deiridh agus faoi aon mháthairchuideachta idirmheánach a rialaítear le dlí Ballstáit a bheith ar fáil i gcláir na bhfochuideachtaí agus, chuige sin, ba cheart í a roinnt le cláir na bhfochuideachtaí tríd an gcóras um idirnascadh na gclár. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil cláir ghnó bunaithe ar struchtúr díláraithe a chinneadh freisin an fhaisnéis is gá a aistriú idir na cláir náisiúnta tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.
- (20) Chun ualach nach bhfuil gá leis a sheachaint, ba cheart an oibleagáid faisnéis an ghrúpa a thabhairt cothrom le dáta, uair sa bhliain ar a laghad, a bheith ar an máthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, ar an máthairchuideachta idirmheánach nó ar an bhfochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit. Mura ndearnadh aon athrú laistigh de bhliain, ba cheart don mháthairchuideachta nó don fochuideachta sin é sin a dhaingniú dá clár, agus ba cheart don mháthairchuideachta nó don fochuideachta sin an fhaisnéis sin a thaifeadadh agus a chur ar fáil go poiblí. Ina theannta sin, ba cheart do gach fochuideachta a bheith freagrach as an bhfaisnéis a bhaineann lena cleamhnacht leis an ngrúpa a choinneáil cothrom le dáta ina clár. I ndáil leis sin, ba cheart don mháthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, don mháthairchuideachta idirmheánach nó don fochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit, aon athrú ar an bhfaisnéis ghrúpa a chur ar fáil gan mhoill do na fochuideachtaí (eile) ionas go gcomhlíonfaidh na fochuideachtaí in am an oibleagáid an fhaisnéis a bhaineann le grúpa a choinneáil cothrom le dáta ina gclár.
- (21) D'fhéadfadh struchtúir chasta a bheith ag grúpaí cuideachtaí. Dá bhrí sin, ba cheart léirshamlú ar struchtúr an ghrúpa bunaithe ar an slabhra rialaithe a chur ar fáil tríd an gcóras um idirnascadh na gclár chun forléargas cuimsitheach a thabhairt ar an ngrúpa in aon áit amháin agus chun tuiscint níos fearr ar mhodh oibríochta an ghrúpa

a éascú. Dhréachtófaí é sin bunaithe ar fhaisnéis faoi shuíomh gach fochuideachta i struchtúr an ghrúpa arna chur isteach ag an máthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, ag an máthairchuideachta idirmheánach nó ag an bhfochuideachta a rialaítear le dlí Ballstáit.

- (22) Chomh maith le caighdeáin choiteanna chun faisnéis chuideachta a sheiceáil sula gcuirtear isteach sa chlár í, is gá a áirithiú go gcoinneofar an fhaisnéis sa chlár cothrom le dáta. I moladh 24 ón Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais dar teideal ‘Trédhearcacht agus úinéireacht thairbhiúil daoine dlítheanacha’, mar a athbhreithníodh i mí an Mhárta 2022, áirítear ceanglais go gcoinneofar faisnéis chuideachta i gclár ghnó cruinn agus cothrom le dáta. Is chun leasa cuideachtaí é freisin a áirithiú go ndéantar a gcuid faisnéise a thabhairt cothrom le dáta sa chlár toisc gur féidir le tríú páirtithe brath ar an bhfaisnéis sin, lena n-áirítear an Deimhniú Cuideachta AE. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a chur ar chuideachtaí athruithe ar fhaisnéis chuideachta a nochtadh gan mhoill neamhriachtanach agus ba cheart do na cláir na hathruithe sin a thaifeadadh agus a chur ar fáil go tráthúil. Cé go rialaítear an spriocdháta chun doiciméid chuntasaíochta a fhoilsiú le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², ba cheart do na cláir iad a chur ar fáil go poiblí freisin gan moill neamhriachtanach. Ina theannta sin, chun iontaofacht sonraí cuideachta a fheabhsú a thuilleadh, ba cheart do chuideachtaí a dheimhniú uair amháin in aghaidh na bliana féilire go bhfuil a bhfaisnéis sa chlár gnó cothrom le dáta, lena n-áirítear i gcás nár tharla aon athrú. Féadfaidh cuideachtaí agus athruithe eile á gcomhdú acu nó nuair atá doiciméid chuntasaíochta á gcomhdú acu.
- (23) D’fhoill faisnéis chuideachta a choinneáil cothrom le dáta i gclár, tá sé tábhachtach freisin cuideachtaí nach gcomhlíonann na ceanglais a thuilleadh chun leanúint de bheith cláraithe sa chlár gnó a shainaithint. Ba cheart nósanna imeachta trédhearcacha a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a fhíorú, i gcás ina bhfuil amhras ann, stádas na gcuideachtaí sin. Cé go bhféadfaidh cuideachtaí a ngníomhaíocht a chur ar fionraí go sealadach ar chúiseanna bailí, tá sé tábhachtach go ndéanfaí a stádas sa chlár gnó a thabhairt cothrom le dáta dá réir. Mar shampla, d’fhéadfadh táscairí a bheith ann nach bhfuil bord stiúrthóirí feidhmiúil ag cuideachta mar a cheanglaítear leis an dlí náisiúnta, nach bhfuil doiciméid chuntasaíochta comhdaithe aici, nó nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch déanta aici le roinnt blianta anuas. Ar an gcaoi chéanna, ós rud é go bhfuil líon mór cuideachtaí cláraithe ag an seoladh céanna, d’fhéadfaí a léiriú go bhféadfadh sé gur cuireadh cuid de na cuideachtaí sin ar bun chun críocha mí-úsáide. Ba cheart a áireamh leis na nósanna imeachta sin an fhéidearthacht atá ag cuideachtaí a gcás a mhíniú agus na sonraí is gá a chur ar fáil, laistigh de sprioc-amanna réasúnacha, agus ba cheart a áirithiú leo go ndéanfar stádas na cuideachta a thabhairt cothrom le dáta dá réir, mar shampla, an bhfuil sí dúnta, foirceanta, díscailte, gníomhach go heacnamaíoch nó neamhghníomhach. Ba cheart an fhéidearthacht a áireamh sna nósanna imeachta freisin, mar rogha dheireanach, cuideachta a bhaint den chlár i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos leis an dlí náisiúnta. Ba cheart faisnéis faoi na nósanna imeachta sin a bheith ar fáil go poiblí i gcomhréir leis an Treoir seo.

¹²

Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara ó chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

- (24) Sa mhargadh aonair, ba cheart do chuideachtaí a bheith in ann a chruthú go bhfuil a gcuideachta corpraithe go dlíthiúil i mBallstát trí mhodhanna simplí iontaofa, a aithníonn Ballstáit eile ar bhonn trasteorann. Dá bhrí sin, ba cheart Deimhniú Cuideachta comhchuibhithe de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú. D'fhéadfadh cuideachtaí iarratas a dhéanamh ar Dheimhniú Cuideachta an Aontais den sórt sin chun é a úsáid chun críocha éagsúla, lena n-áirítear le haghaidh nósanna imeachta riaracháin os comhair údaráis náisiúnta agus imeachtaí cúirte i mBallstáit eile nó os comhair institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go n-eiseodh agus go ndeimhneoidh na cláir náisiúnta ghnó Deimhniú Cuideachta an Aontais den sórt sin, ba cheart go n-áireofaí leis faisnéis bhunriachtanach faoi chuideachta a úsáideann cuideachtaí i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear ainm na cuideachta, a hoifig chláraithe agus a hionadaithe dlíthiúla, agus ba cheart é a bheith ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Ba cheart Deimhniú leictreonach Cuideachta an Aontais Eorpaigh a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014¹³. Bheadh Deimhniú Cuideachta an Aontais seo inrochtana freisin do thríú páirtithe, lena n-áirítear údaráis, a dteastaíonn faisnéis bhunriachtanach iontaofa uathu faoi chuideachtaí. Cé gur cheart go mbeadh cead ag na Ballstáit táille a ghearradh chun Deimhniú Cuideachta an Aontais a fháil, ba cheart a cheangal ar na cláir, arna iarraidh sin dóibh, a chur ar fáil saor in aisce uair amháin sa bhliain ar a laghad do gach cuideachta atá cláraithe sa chlár sin Deimhniú Cuideachta an Aontais dá chuid féin a bheith acu. Ba cheart do chláir agus d'údaráis i mBallstáit eile glacadh le Deimhniú Cuideachta an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo.
- (25) Chun nósanna imeachta trasteorann a éascú tuilleadh do chuideachtaí agus chun foirmiúlachtaí a shimpliú agus a laghdú, amhail apastail nó aistriúchán, ba cheart cumhacht aturnae dhigiteach de chuid an Aontais a bhunú. Beidh cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais ina samhail chaighdeánach ilteangach bunaithe ar theimpléad coiteann Eorpach a fhéadfaidh cuideachtaí a roghnú le húsáid i gcásanna trasteorann. Ba cheart inneachar éigeantach íosta a bheith ann, agus dhéanfaí é a tharraingt suas i gcomhréir le ceanglais náisiúnta dhlíthiúla agus fhoirmiúla. Ní bheadh cumhacht aturnae dhigiteach chaighdeánach an Aontais ann ach i bhfoirm dhigiteach agus ba cheart í a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Ina theannta sin, chun cur le slándáil níos airde idirbheart, ba cheart cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a chomhdú i gclár na cuideachta inar féidir le tríú páirtithe ar féidir leo leas dlisteanach a léiriú dul i gcomhairle léi. Go háirithe, d'fhéadfadh tríú páirtithe, amhail dlíodóirí, nótaireí, institiúidí creidmheasa agus airgeadais nó údaráis inniúla a gcuirtear cumhacht aturnae dhigiteach AE faoina mbráid, a fhíorú, dá bhrí sin, gurb ann do na cumhachtaí sin i gclár na cuideachta. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal freisin go ndéanfaí cumhacht aturnae dhigiteach an Aontais a chomhdú, ina theannta sin, i gclár eile i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. D'fhonn bacainní teanga a sháru agus a n-úsáid a éascú, ba cheart an teimpléad le haghaidh Deimhniú Cuideachta an Aontais agus samhail chaighdeánach de chumhacht dhigiteach aturnae AE a bheith ar fáil ar an tairseach r-cheartais i dteangacha uile an Aontais.

¹³

Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

- (26) Is minic a bhíonn deacrachtaí agus bacainní riaracháin roimh chuideachtaí maidir le faisnéis chuideachta a úsáid, atá ar fáil cheana ina gclár náisiúnta gnó, i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear nuair a bhíonn siad ag déileáil le húdaráis inniúla nó in imeachtaí cúirte i mBallstát eile. Is minic nach nglactar leis na sonraí cuideachta atá ar fáil i gclár gnó Ballstáit amháin i mBallstát eile gan foirmiúlachtaí troma a chruthaíonn costais agus moilleanna. Dá bhrí sin, chun gníomhaíochtaí trasteorann sa mhargadh aonair a éascú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh gá le dlisteanú ná foirmiúlacht chomhchosúil, amhail apastail, i leith cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid agus d'fhaisnéis a bhaineann le cuideachtaí a fhaightear ó chlár. Ba cheart an cur chuige céanna a chur i bhfeidhm freisin maidir le doiciméid agus faisnéis a mhalartaítear trí chóras idirnascadh na gclár (e.g. deimhnithe réamhoibríochta) agus maidir le gníomhartha nótaireachta nó doiciméid riaracháin i gcomhthéacs na nósanna imeachta faoin Treoir seo a úsáidtear i gcomhthéacs trasteorann. Áirítear ar na nósanna imeachta sin cuideachtaí a fhoirmiú agus brainsí a chlárú i mBallstát eile, comhshónna trasteorann, cumaisc agus deighiltí.
- (27) Ag an am céanna, chun calaois nó brionnú a chosc, ba cheart go bhféadfadh údaráis an Bhallstáit ina gcuirtear doiciméad nó faisnéis na cuideachta i láthair, i gcás ina bhfuil amhras réasúnach orthu maidir lena bharántúlacht, an doiciméad nó an fhaisnéis a fhíorú tríd an gclár eisiúna nó tríd an gclár eisiúna ina Bhallstát féin, a d'fhéadfadh faisnéis faoi bharántúlacht an doiciméid a mhalartú trí chóras idirnascadh na gclár. Ba cheart go gcuirfeadh malartú faisnéise den sórt sin leis an muinín fhrithpháirteach agus leis an gcomhar idir na Ballstáit laistigh den mhargadh aonair.
- (28) Uaireanta, déantar ionstraimí comhdhéanaimh na gcuideachtaí a tharraingt suas in dhá theanga nó níos mó, agus is minic gur teanga oifigiúil de chuid an Aontais í ceann amháin acu a bhfuil tuiscint leathan ag an líon is mó úsáideoirí trasteorann is féidir uirthi. Ina theannta sin, is minic a fhoilsíonn cuideachtaí aistriúchán ar a n-ionstraim chomhdhéanaimh go teanga den sórt sin ar a suíomhanna gréasáin. Ina theannta sin, tá líon méadaitheach faisnéise cuideachta atá san ionstraim chomhdhéanaimh ar fáil ar leithligh agus inaitheanta go héasca le cuidiú ó lipéid ilteangacha trí chóras idirnascadh na gclár. Beidh gá freisin le faisnéis chuideachta a stóráil i gclár ghnó i bhformáid atá inléite ag meaisín agus inchuardaithe nó mar shonraí struchtúrtha, i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/1151, rud a éascóidh meaisínáistriúchán na sonraí sin. A bhuí leis na forbairtí sin, is fusa féachaint ar fhaisnéis chuideachta den sórt sin agus í a úsáid i gcásanna trasteorann gan gá a bheith le haistriúchán oifigiúil. Dá bhrí sin, níor cheart ceanglais dhlíthiúla maidir le haistriúcháin dheimhnithe ar an ionstraim chomhdhéanaimh agus, ar an gcaoi chéanna, ar dhoiciméid eile a sholáthraítear leis an gclár gnó a theorannú don mhéid atá fíor-riachtanach agus níor cheart forchur na gceanglas sin a cheadú ach amháin i gcásanna sonracha amhail i gcás ina bhfuil ceanglas ann aistriúcháin dheimhnithe a dhéanamh ar na doiciméid atá le nochtadh nó i gcás ina bhfuil gá le haistriúcháin dheimhnithe i réimsí eile dlí, amhail i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha.
- (29) Chun trédhearcacht a mhéadú, rochtain ar fhaisnéis faoi chuideachtaí a éascú agus riaracháin phoiblí níos nasctha a chruthú ar bhonn trasteorann sa mhargadh aonair, tá sé tábhachtach na córais idirnáise atá ag an Aontas cheana féin agus a bhfuil faisnéis thábhachtach acu faoi chuideachtaí a nascadh. Dá bhrí sin, ba cheart córas idirnascadh na gclár (BRIS) a nascadh le Córas Idirnasctha Chláir um Úinéireacht

Thairbhiúil AE (BORIS), arna bhunú le Treoir (AE) 2015/849¹⁴ arna leasú le Treoir (AE) 2018/843¹⁵, lena nasctar cláir lárnacha náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla cuideachtaí agus eintitis dhlíthiúla eile, iontaobhais agus cineálacha eile comhshocruithe dlíthiúla, agus leis an gcóras Idirnasctha do Chláir Dhócmhainneachta AE (IRI) arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/848¹⁶. Ba cheart EUID a úsáid chun an fhaisnéis faoi chuideachta ar leith a nascadh sna córais sin. Níor cheart, áfach, go ndéanfadh nasc den sórt sin idir na córais difear do na rialacha agus do na ceanglais maidir le rochtain ar fhaisnéis a leagtar amach faoi na creataí ábhartha lena mbunaítear na cláir agus na hidirnaise sin. Mar shampla, ciallaíonn sé sin nár cheart d'úsáideoir BRIS a bheith in ann rochtain a fháil ar BORIS ach amháin má tá an t-úsáideoir sin i dteideal rochtain a fháil ar BORIS faoina rialacha agus faoina cheanglais faoi seach.

- (30) Chun cabhrú le cuideachtaí, agus go háirithe le FBManna, a ngníomhaíochtaí gnó a leathnú thar theorainneacha ar bhealach níos éasca, ba cheart an prionsabal 'aon-uaire' a fhorbairt tuilleadh i gcásanna ina gcláraíonn cuideachtaí brainsí i mBallstát eile. Ba cheart an fhaisnéis faoin gcuideachta a chláraíonn an brainse trasteorann a aisghabháil go leictreonach ó chlár na cuideachta le clár an bhrainse trí chóras idirnasctha na gclár. Déanfar an malartú faisnéise sin, mar aon le haon mhalartú faisnéise eile idir cláir trí chóras idirnasctha na gclár, trí tharchur slán idir cláir náisiúnta, lena n-áirítear gur féidir an fhaisnéis a iontaoibh agus nár cheart ceangal a chur uirthi a bheith deimhnithe ná faoi réir aon dlisteanaithe ná foirmiúlacht chomhchosúil.
- (31) Cé go bhfuil faisnéis faoi bhraintí trasteorann de chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta AE ar fáil cheana féin trí chóras idirnasctha na gclár, ní dhéantar faisnéis faoi bhraintí cuideachtaí nach cuideachtaí de chuid an Aontais iad, fiú má tá sí nocht cheana féin i gcláir náisiúnta i gcomhréir le Treoir (AE) 2017/1132. Chun rochtain ar an bhfaisnéis sin a éascú do pháirtithe leasmhara ar leibhéal an Aontais, ba cheart faisnéis faoi bhraintí cuideachta tríú tír den sórt sin a chur ar fáil trí chóras idirnasctha na gclár agus ba cheart cuid den fhaisnéis sin a bheith saor in aisce, mar atá cheana féin i gcás brainsí trasteorann de chuideachtaí faoi dhliteanas teoranta AE.
- (32) Ba cheart na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta, lena n-áirítear faisnéis faoi ionadaithe dlíthiúla, comhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí agus daoine eile ar féidir leo ionadaíocht a dhéanamh ar chuideachta go dleathach, a chur ar fáil go poiblí i gcláir ghnó chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú i ndéileálacha idir cuideachtaí agus tríú páirtithe. Go háirithe, ba cheart deimhneacht dhlíthiúil iomlán a bheith ag tríú páirtithe, amhail creidiúnaithe, infheisteoirí agus comhpháirtithe gnó, mar aon le húdarais agus cúirteanna, maidir leis an duine a cheaptar chun gníomhú thar ceann na cuideachta agus a bhfuil sé de chumhacht acu conarthaí a dhéanamh nó

¹⁴ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 chun cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

¹⁵ Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).

¹⁶ Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (athmhúnlú) (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

gnó a dhéanamh thar ceann na cuideachta. I gcomhpháirtíocht, is minic a bhíonn páirtithe údaráithe ionadaíocht a dhéanamh don chomhpháirtíocht agus iad ag déileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla. Ar an gcaoi chéanna, d'fhonn tríú páirtithe a chosaint, is gá, i gcás ina bhfuil scaireanna uile cuideachta phríobháideach faoi dhliteanas teoranta i seilbh scairshealbhóra aonair, go gcuirfear céannacht an scairshealbhóra aonair sin, a d'fhéadfadh a bheith ina dhuine nádúrtha nó dlítheanach, ar fáil don phobal sa chlár gnó. Ós rud é go bhféadfaidh scairshealbhóir aonair, mar shampla, cumhachtaí chruinniú ginearálta na cuideachta a fheidhmiú nó conarthaí a thabhairt i gcrích idir é féin agus an chuideachta mar a ndéanann sé ionadaíocht uirthi, ba cheart go mbeadh tríú páirtithe in ann an comhalta aonair a shainaithint chun aithne a chur ar chéannacht an duine a fheidhmíonn rialú na cuideachta nó a dhéanann ionadaíocht ar an gcuideachta. Dá bhrí sin, ba cheart daoine den sórt sin a shainaithint go haonchiallach.

- (33) Chun feidhmiú an mhargaidh aonair a fheabhsú, ní hamháin gur gá rochtain a bheith ag tríú páirtithe ar fhaisnéis faoi chuideachtaí ina mBallstát féin, ach faoi chuideachtaí i mBallstát eile freisin. Ar an gcaoi chéanna le cás intíre, ní mór do thríú páirtithe deimhneacht dhlíthiúil a bheith acu maidir leis na hionadaithe dlíthiúla, na comhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí agus daoine eile ar féidir leo ionadaíocht a dhéanamh go dleathach do chuideachta nó maidir le scairshealbhóirí aonair cuideachtaí i mBallstát eile. Dá bhrí sin, ba cheart faisnéis den sórt sin a chur ar fáil ar leibhéal an Aontais trí chóras idirnascadh na gclár lena dtugtar rochtain ar an bhfaisnéis sin ar bhealach ilteangach agus inchomparáide, agus ar an gcaoi sin an leibhéal céanna cosanta a áirithiú do thríú páirtithe i gcásanna trasteorann. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir le céannacht na n-ionadaithe dlíthiúla, na gcomhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí, agus daoine eile ar féidir leo ionadaíocht a dhéanamh go dleathach ar chuideachta, chomh maith le scairshealbhóirí aonair, is gá daoine den sórt sin a shainaithint go haonchiallach. Tá an gá le cinnteacht a áirithiú maidir le céannacht bheacht na ndaoine sin thar a bheith ard i gcásanna trasteorann ina dtugann córas idirnascadh na gclár rochtain ar fhaisnéis den sórt sin maidir le gach cuideachta faoi dhliteanas teoranta agus maidir le 'comhpháirtíochtaí tráchtála'. Ós rud é go bhfuil cineálacha cur chuige éagsúla ag na córais náisiúnta maidir le daoine den sórt sin a shainaithint, is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar na catagóirí sonraí pearsanta ar féidir rochtain a fháil orthu ar leibhéal an Aontais. Cé gurb ionann ainm agus sloinne na ndaoine sin agus sonraí pearsanta lena n-aithnítear iad, ní ráthaíonn an t-ainm agus an sloinne sainaithint uathúil i ngach cás agus, dá bhrí sin, ní mór faisnéis bhreise a chur leis. Ní leor ach oiread an bhliain bhreithe a chur leis i ndáil leis sin i bhfianaise leitheadúlacht ainmneacha áirithe, idir ainm agus sloinne agus a gcomhcheangal, sna Ballstáit agus toisc gur minic a leanann ainmneacha coitianta timthriallta bliantúla, leis an éifeacht gur sa bhliain chéanna a rugadh go leor daoine a bhfuil ainmneacha comhionanna acu. Dá bhrí sin, is gá agus is comhréireach a cheangal ar chlár dáta iomlán breithe ionadaithe dlíthiúla, comhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí, agus daoine eile a fhéadfaidh ionadaíocht dhlíthiúil a dhéanamh ar chuideachta, chomh maith le scairshealbhóirí aonair, a chur ar fáil.
- (34) Ba cheart do na Ballstáit aon sonraí pearsanta a phróiseáil faoi ionadaithe dlíthiúla, comhpháirtithe i gcomhpháirtíochtaí agus daoine eile ar féidir leo ionadaíocht a dhéanamh ar chuideachta go dleathach, agus faoi scairshealbhóirí aonair, lena n-áirítear na sonraí pearsanta atá le cur ar fáil go poiblí sna cláir, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart an Coimisiún sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na Treorach seo i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún coimirce iomchuí cosanta sonraí a chur chun feidhme chun a áirithiú go bhfuil próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na Treorach seo teoranta don mhéid is gá chun a cuspóirí a bhaint amach.

- (35) Chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh uile an Aontais leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le tuilleadh faisnéise cuideachta a chur ar fáil i gcláir ghnó, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas i bhformáidí inrochtana. De réir Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, déanfaidh na Stáit is páirtithe bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar fhaisnéis agus ar chumarsáid inter alia, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais faisnéise agus cumarsáide, agus ar shaoráidí agus seirbhísí eile atá oscailte nó curtha ar fáil don phobal. I ndáil leis an méid sin, leagtar amach i dTreoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸ na ceanglais ghinearálta inrochtaineachta le haghaidh suíomhanna gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí d'fhonn iad a dhéanamh níos inrochtana d'úsáideoirí, go háirithe daoine faoi mhíchumas, agus chun idir-inoibritheacht a chothú. Le Treoir (AE) 2016/2102, moltar do na Ballstáit a gcur i bhfeidhm a leathnú chuig eintitis phríobháideacha a thairgeann saoráidí agus seirbhísí atá oscailte don phobal nó a chuirtear ar fáil don phobal. Thairis sin, i dTreoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹ tá ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí áirithe lena n-áirítear a suíomhanna gréasáin agus faisnéis ghaolmhar. I bhfianaise éagsúlacht na gcomhlachtaí atá freagrach as cláir ghnó a bhainistiú, ó chúirteanna agus údaráis riaracháin go heintitis phríobháideacha, agus i bhfianaise na ngníomhaíochtaí éagsúla a dhéanann cláir ghnó, ba cheart a mheas an bhfuil gá le bearta sonracha chun a áirithiú go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis chuideachta a chuirtear ar fáil sna cláir ghnó sna Ballstáit uile ar bhonn comhionann le húsáideoirí eile.
- (36) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, is é sin cur le méid na sonraí cuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó nó trí chóras idirnascadh na gclár agus feabhas a chur ar a n-iontaofacht, agus úsáid dhíreach sonraí cuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó a chumasú agus brainsí agus fochuideachtaí trasteorann á mbunú agus i ngníomhaíochtaí agus cásanna trasteorann eile, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

¹⁷ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

¹⁸ Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach ag comhlachtaí na hearnála poiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

¹⁹ Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

- (37) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin²⁰, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar le doiciméid den chineál sin a tharchur.
- (38) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Treoir seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart go gcumhdódh an mheastóireacht an taithí phraiticiúil ar Dheimhniú Cuideachta an Aontais, cumhacht dhigiteach aturnae AE agus na foirmiúlachtaí laghdaithe i gcásanna trasteorann do chuideachtaí. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le hidir-inoibritheacht trasearnála idir córas idirnascaidh na gclár (BRIS) agus córais eile lena soláthraítear sásraí le haghaidh comhar idir údarais inniúla, amhail i réimsí an chánachais nó na slándála sóisialta nó an Córas Teicniúil Aonuaire arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ d'fhonn riaracháin phoiblí níos nasctha a chruthú ar bhonn trasteorann sa mhargadh aonair²². Ar deireadh, ba cheart an Coimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar an ngá le bearta breise a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar riachtanais daoine faoi mhíchumas nuair a fhaigheann siad rochtain ar fhaisnéis cuideachta a chuirtear ar fáil sna cláir ghnó.
- (39) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [XX XX 2022/2023]²³.
- (40) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2009/102/CE agus (AE) 2017/1132 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

'Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 2009/102/CE

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 3 de Threoir 2009/102/CE:

²⁰ IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

²¹ Rialachán (AE) Uimh. 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

²² Féach freisin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (COM(2022) 720 final), Teachtaireacht maidir le beartas idir-inoibritheachta poiblí neartaithe — Seirbhísí poiblí a nascadh, tacú le beartais phoiblí agus tairbhí poiblí a sholáthar – I dTreo 'Eoraip Idir-inoibritheach' (COM(2022)710 final)

²³ IO...

Airteagal 3

I gcás ina mbeidh cuideachta ina cuideachta aonbhaill toisc go dtagann a scaireanna uile i seilbh duine aonair, ní mór an fíoras sin, mar aon le céannacht an chomhalta aonair, a thaifeadadh sa chomhad nó a iontráil sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus (2) de Threoir 68/151/CEE, agus a chur ar fáil go poiblí trí chóras idirascadh na gclár dá dtagraítear in Airteagal 16(1) de Threoir (AE) 2017/1132.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 18 agus ag Airteagal 19(1) de Threoir (AE) 2017/1132.’;

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir (AE) 2017/1132

Leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Theideal I:

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS BUNÚ AGUS FEIDHMIÚ CUIDEACHTAÍ’;

(2) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach tar éis an dara fleasc:

‘- sraith choiteann rialacha maidir le rialú coisctheach ar fhaisnéis chuideachta,’;

(b) cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach tar éis an tríú fleasc:

‘- ceanglais maidir le nochtadh i leith comhpháirtíochtaí,’;

(3) i dTeideal I, Caibidil II, Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

Neamhniú na cuideachta agus bailíocht a cuid oibleagáidí’;

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe dá bhforordaítear leis an Roinn seo maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II agus, i gcás ina sonrúfar sin, a bhaineann leis na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB.’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

Rialú coisctheach

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le rialú coisctheach riaracháin nó breithiúnach, tráth a fhoirmítear cuideachta, ar an ionstraim chomhdhéanaimh, ar reachtanna na cuideachta agus ar aon leasuithe ar na doiciméid sin. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfar na doiciméid sin a tharraingt suas agus a dheimhniú i bhfoirm chúil dlí.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go leagfar síos lena ndlíthe le haghaidh foirmiú cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IIB nós imeachta maidir le seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh ar ionstraim chomhdhéanaimh cuideachta, agus le haghaidh a reachtanna más in ionstraim ar leithligh atá siad. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an tseiceáil sin freisin i gcás ina ndéanfar aon leasú ar na doiciméid sin.

Tríd an tseiceáil dlíthiúlachta fionnfar an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) go gcomhlíontar na ceanglais fhoirmiúla maidir leis an ionstraim chomhdhéanaimh, agus maidir leis na reachtanna má tá siad in ionstraim ar leithligh, agus go bhfórsaítear úsáid cheart na dteimpléad dá dtagraítear in Airteagal 13h;
- (b) go bhfuil an t-íosinneachar éigeantach san áireamh;
- (c) nach bhfuil aon neamhrialtachtaí dlíthiúla substainteacha follasacha ann; agus
- (d) gur íocadh an ranníocaíocht, cibé acu íocaíocht in airgead tirim nó ranníocaíocht chomhchineáil í, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

I gcás, chun cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB a fhoirmiú, nach gceanglaítear leis an dlí náisiúnta ionstraimí comhdhéanaimh agus reachtanna a tharraingt suas, áireofar sa nós imeachta um sheiceáil dlíthiúlachta rialú foirmiúil agus substainteach ar na doiciméid a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta chun cuideachtaí den sórt sin a fhoirmiú.

3. Féadfaidh na Ballstáit an oibleagáid seiceáil dlíthiúlachta a dhéanamh faoi mhír 2, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo a tharscaoileadh i gcás ina n-úsáideann iarratasóirí teimpléid dá dtagraítear in Airteagal 13h.

4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha a leagtar síos in Airteagal 13(4), pointí (b) agus (c), Airteagal 13(5) agus (7), agus Airteagal 13g(3), pointí (a), (d), (e), (f) maidir le foirmeacha eile foirmithe cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IIB nach bhfuil go hiomlán ar líne.

Áiritheoidh na Ballstáit go leagfar síos rialacha chun céannacht na n-iarratasóirí a fhíorú i gcás foirmeacha eile foirmithe cuideachtaí.

5. Beidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 maidir le nósanna imeachta go hiomlán ar líne chomh maith le nósanna imeachta eile.'

- (6) i dTeideal I, Caibidil III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
'Nósanna imeachta ar líne agus eile (foirmiú, clárú agus comhdú), nochtheadh agus cláir';
- (7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

Raon Feidhme

Beidh feidhm ag na bearta comhordaithe dá bhforbraítear leis an Roinn seo agus le Roinn 1A maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann leis na cineálacha cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II, agus i gcás ina sonrófar sin, a bhaineann leis na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní I, IIA agus IIB.’;

(8) in Airteagal 13a, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(7) ciallaíonn ‘grúpa’ máthairchuideachta agus a fochuideachtaí go léir;

(8) ciallaíonn ‘fochuideachta’ cuideachta á rialú ag máthairchuideachta;

(9) ciallaíonn ‘máthairchuideachta deiridh’ máthairchuideachta a rialaíonn, go díreach nó go hindíreach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 22(1) go (5) de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, fochuideachta amháin nó níos mó agus nach bhfuil á rialú ag cuideachta eile;

(10) ciallaíonn ‘máthairchuideachta idirmheánach’ máthairchuideachta atá faoi rialú ag dlí Ballstáit nach bhfuil á rialú ag cuideachta eile atá faoi rialú ag dlí Ballstáit;

(11) ciallaíonn ‘dlisteanú’ an fhoirmiúlacht chun barántúlacht sínithe sealbhóra oifige poiblí, an cháil ina raibh an duine atá ag síniú an doiciméid ag gníomhú agus, i gcás inarb iomchuí, céannacht an tséala nó an stampa atá air, a dheimhniú;

(12) ciallaíonn ‘foirmiúlacht chomhchosúil’ an deimhniú dá bhforáiltear faoi Choinbhinsiún Apastail na Háige a chur isteach.

* Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis bhliantúla airgeadais, leis na ráitis chomhdhlúite airgeadais agus le tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).’;

(9) Leasaítear Airteagal 13b mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) modh ríomh-shainaitheantais arna eisiúint i mBallstát eile i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas na modhanna ríomh-shainaitheantais a dhiúltú, i gcás nach gcomhlíonann leibhéil dearbhaithe na modhanna ríomh-shainaitheantais sin na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.’;

- (10) Leasaítear Airteagal 13c mar a leanas:
- (a) i mír 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:
- ‘Tá sé sin gan dochar do na rialacha maidir le rialuithe coisctheacha dá dtagraítear in Airteagal 10.’;
- (b) i mír 3, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:
- ‘Cuirfear an mhír seo i bhfeidhm gan dochar d’Airteagail 16b, 16c, 16ú agus 16f.’;
- (11) in Airteagal 13f, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:
- ‘Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír, pointí (a), (c) agus (d), faisnéis maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB freisin.
- Áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdófar freisin leis na ceanglais a shonraítear sa chéad mhír den Airteagal seo na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 15 maidir le spriocdhátaí um chomhdú agus maidir leis an bhfaisnéis i gcláir a choinneáil cothrom le dáta.’;
- (12) leasaítear Airteagal 13g mar a leanas:
- (a) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:
- ‘2a. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfaidh cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó IIB cuideachta a fhoirmiú i mBallstát eile, go n-aisghabhfaidh clár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta á fhoirmiú, tríd an gcóras um idirnascadh na gclár dá dtagraítear in Airteagal 22, na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta bhunaidh atá ábhartha don nós imeachta foirmithe atá ar fáil i gclár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta sin cláraithe, agus nach n-iarrfar ar an gcuideachta an fhaisnéis sin ná na doiciméid sin a chur ar fáil. Féadfaidh an clár Deimhniú Cuideachta AE a aisghabháil freisin faoi Airteagal 16b.
- I gcás ina bhfuil sainordú ag aon údarás nó duine nó comhlacht faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné d’fhoirmiú cuideachta, agus i gcás ina bhfuil gá leis na doiciméid agus leis an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, soláthróidh clár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta á fhoirmiú na doiciméid agus an fhaisnéis a aisghabhadh don údarás, don duine nó don comhlacht sin.
- Cuirfidh na Ballstáit an mhír seo i bhfeidhm maidir le haon chineáil eile foirmithe cuideachtaí seachas iad siúd atá go hiomlán ar líne.’;
- (b) leasaítear mír 3 mar a leanas:
- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) na nósanna imeachta chun dlíthiúlacht chuspóir na cuideachta a fhíorú;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) na nósanna imeachta chun dlíthiúlacht ainm na cuideachta a fhíorú;

(c) i mír 4, scriostar pointe (a);

(13) in Airteagal 13h(2), an chéad fhomhír, scriostar an dara abairt;

(14) Leasaítear Airteagal 13j mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir doiciméid agus faisnéis, lena n-áirítear aon mhodhnú orthu, a chomhdú ar líne leis an gclár ina bhfuil an chuideachta cláraithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10(1) agus (2) agus ag Airteagal 13g(2), (3), (4) agus (5) maidir le doiciméid agus faisnéis a chomhdú ar líne.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘6. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 10(1) agus (2) agus ag Airteagal 13g(2), (3), (4) agus (5) maidir le haon mhodh eile um chomhdú doiciméad agus faisnéise, seachas modh atá go hiomlán ar líne, ag cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB.’;

(15) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 14:

‘Airteagal 14

Doiciméid agus sonraí a bheidh le nochtadh ag cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta’;

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(l) áit an riaracháin lárnaigh i gcás nach i mBallstát na hoifige cláraithe atá sé;

‘(m) an príomháit ghnó i gcás nach i mBallstát na hoifige cláraithe atá sé.’;

(16) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

‘Airteagal 14a

Doiciméid agus sonraí a bheidh le nochtadh ag comhpháirtíochtaí

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na cineálacha cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB na doiciméid agus an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a nochtadh go héigeantach:

- (a) ainm na comhpháirtíochta;
- (b) foirm dhlíthiúil na comhpháirtíochta;
- (c) oifig chláraithe na comhpháirtíochta agus an Ballstát ina bhfuil sí cláraithe;
- (d) aon athrú ar oifig chláraithe na comhpháirtíochta;
- (e) uimhir chlárúcháin na comhpháirtíochta;
- (f) méid iomlán ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe;
- (g) an ionstraim chomhdhéanaimh, agus na reachtanna más in ionstraim ar leithligh atá siad, má éilítear na doiciméid sin leis an dlí náisiúnta;
- (h) aon leasú ar na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (g), lena n-áirítear aon síneadh ar ré na comhpháirtíochta;
- (i) tar éis gach leasaithe ar an ionstraim chomhdhéanaimh nó ar na reachtanna, téacs iomlán na hionstraime nó na reachtanna arna leasú go dtí seo;
- (j) sonraí na gcomhpháirtithe atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta i ndéileálacha le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla, agus faisnéis i ndáil le cibé ar féidir leis na comhpháirtithe dá n-údaraítear ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta é sin a dhéanamh ina n-aonar nó an bhfuil sé de cheangal orthu gníomhú go comhpháirteach;
- (k) i gcás nach ionann iad agus pointe (j), sonraí na gcomhpháirtithe ginearálta agus, i gcás comhpháirtíochtaí teoranta, sonraí na gcomhpháirtithe teoranta;
- (l) na doiciméid chuntasaíochta le haghaidh gach bliana airgeadais is gá a fhoilsiú i gcomhréir le Treoracha 86/635/CEE* agus 91/674/CEE ón gComhairle** agus Treoir 2013/34/AE;
- (m) foirceannadh na comhpháirtíochta;
- (n) aon dearbhú ó na cúirteanna ar neamhniú na comhpháirtíochta;
- (o) sonraí leachtaitheoirí agus a gcuid cumhachtaí, mura rud é go ndéantar na cumhachtaí sin a dhíorthú go sainráite ón dlí nó ó reachtanna na comhpháirtíochta agus uaidh sin amháin;
- (p) aon chríochnú leachtaithe agus, sna Ballstáit sin ina mbíonn iarmhairtí dlíthiúla i gcás baint den chlár, na sonraí maidir leis an mbaint sin den chlár;
- (q) áit riaracháin lárnaigh na comhpháirtíochta i gcás nach i mBallstát na hoifige cláraithe atá sé;
- (r) príomháit ghnó na comhpháirtíochta i gcás nach i mBallstát na hoifige cláraithe atá sé.

Airteagal 14b

Faisnéis faoi ghrúpaí cuideachtaí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go nochtfaidh an mháthairchuideachta deiridh atá faoi rialú ag dlí Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad faoina grúpa sa chlár ina bhfuil sí cláraithe:

- (a) ainm agus foirm dhlíthiúil gach fochuideachta;
- (b) an Ballstát nó an tríú tír ina bhfuil gach fochuideachta cláraithe agus a uimhir chlárúcháin;
- (c) EUID gach fochuideachta atá faoi rialú ag dlí Ballstáit;
- (d) ainm an ghrúpa, murab ionann é agus ainm na máthairchuideachta deiridh.
- (e) suíomh gach fochuideachta sa ghrúpstruchtúr arna chinneadh ar bhonn rialú.

2. I gcás ina bhfuil an mháthairchuideachta deiridh faoi rialú ag dlí tríú tír, nochtfaidh an mháthairchuideachta idirmheánach an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1. Má tá níos mó ná máthairchuideachta idirmheánach amháin ann, ní nochtfaidh ach ceann amháin acu an fhaisnéis sin. Nochtfaidh an mháthairchuideachta idirmheánach freisin ainm na máthairchuideachta deiridh agus an tríú tír ina bhfuil an mháthairchuideachta deiridh cláraithe.

I gcás nach bhfuil aon mháthairchuideachta idirmheánach faoi rialú ag dlí Ballstáit, nochtfaidh an fhochuideachta atá faoi rialú ag dlí Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1. Má tá níos mó ná fochuideachta amháin ann, ní nochtfaidh ach ceann amháin acu an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1. Nochtfaidh an fhochuideachta freisin ainm na máthairchuideachta deiridh agus an tríú tír ina bhfuil an mháthairchuideachta deiridh cláraithe.

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go nochtfaidh an mháthairchuideachta deiridh atá faoi rialú ag dlí Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme, an mháthairchuideachta idirmheánach nó an fhochuideachta dá dtagraítear i mír 2, don chlár ina bhfuil sí cláraithe cion an chaipitil a shealbhaítear idir an mháthairchuideachta deiridh agus fochuideachtaí uile an ghrúpa.

4. Le clár na máthairchuideachta deiridh atá faoi rialú ag dlí Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme, le clár na máthairchuideachta idirmheánaí nó na fochuideachta dá dtagraítear i mír 2, cuirfear an fhaisnéis arna soláthar i gcomhréir le míreanna 1 go 3 ar fáil go poiblí, lena n-áirítear an dáta a nochtadh an fhaisnéis sin, nó an dáta a tugadh cothrom le dáta nó a deimhníodh í i gcomhréir le mír 6.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil an mháthairchuideachta deiridh atá faoi rialú ag dlí Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme, an mháthairchuideachta idirmheánach dá dtagraítear i mír 2, cláraithe i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuil aon cheann de na fochuideachtaí cláraithe, go roinnfidh clár na máthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, clár na máthairchuideachta idirmheánach, an fhaisnéis seo a leanas le clár gach fochuideachta atá cláraithe i mBallstát eile tríd an gcóras um idirnascadh na gclár:

- (a) ainm na máthairchuideachta deiridh, a EUID agus, murab ionann é agus ainm na máthairchuideachta deiridh, ainm an ghrúpa; nó
- (b) i gcás bhfuil an mháthairchuideachta deiridh faoi rialú ag dlí tríú tír, ainm na máthairchuideachta idirmheánaí dá dtagraítear i mír 2, a EUID, ainm na máthairchuideachta deiridh agus an tríú tír ina bhfuil sí cláraithe agus, murab ionann é agus ainm na máthairchuideachta deiridh, ainm an ghrúpa.

I gcás nach bhfuil aon mháthairchuideachta idirmheánach ann agus ina bhfuil an fhochuideachta dá dtagraítear i mír 2 cláraithe i mBallstát seachas Ballstát ina bhfuil na fochuideachtaí eile cláraithe, roinnfidh clár na fochuideachta sin ainm na fochuideachta, a EUID, ainm na máthairchuideachta deiridh agus an tríú tír ina bhfuil sí cláraithe agus, murab ionann é agus ainm na máthairchuideachta deiridh, ainm an ghrúpa, le clár gach fochuideachta eile atá cláraithe i mBallstát eile tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.

Féadfaidh na Ballstáit an mhír seo a chur i bhfeidhm freisin i gcásanna ina bhfuil an mháthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, an mháthairchuideachta idirmheánach agus na fochuideachtaí cláraithe sa Bhallstát céanna.

Cuirfidh clár gach fochuideachta an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

6. Déanfaidh an mháthairchuideachta deiridh nó, i gcás inarb infheidhme, an mháthairchuideachta idirmheánach nó an fhochuideachta dá dtagraítear i mír 2, ar a laghad uair sa bhliain, agus in aon chás tráth nach déanaí ná dáta nochta na ndoiciméad cuntasáiochta agus, mura gá nochtaidh den sórt sin, faoi dheireadh na bliana airgeadais, an fhaisnéis a éilítear i míreanna 1 go 3, i gcás inarb infheidhme, a thabhairt cothrom le dáta, sin nó a dheimhniú nár tharla aon athrú ar struchtúr an ghrúpa.

7. Áiríteoidh na Ballstáit go roinnfidh an mháthairchuideachta deiridh atá faoi rialú ag dlí Ballstáit nó, i gcás inarb infheidhme, an mháthairchuideachta idirmheánach nó an fhochuideachta dá dtagraítear i mír 2, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 le gach fochuideachta atá faoi rialú ag dlí Ballstáit roimh an nochtaidh dá dtagraítear i mír 1 nó 2.

8. I gcás athruithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 5, déanfaidh gach fochuideachta den ghrúpa atá faoi rialú ag dlí Ballstáit, lena n-áirítear aon mháthairchuideachta idirmheánach, na hathruithe sin a nochtaidh sa chlár ina bhfuil sí cláraithe laistigh de sprioc-am 2 sheachtain ón dáta a ndearnadh na hathruithe.

9. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, 5, 6 agus 8, i gcás inarb infheidhme, ar fáil saor in aisce don phobal tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.

10. Ar an tairseach soláthróidh an córas um idirnascadh na gclár léirshamhlú ar struchtúr an ghrúpa bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 nó 2, agus i míreanna 3, 6 agus 8 agus a tharchuirfidh na cláir tríd an gcóras i gcomhréir leis an Airteagal seo.

11. Níl feidhm ag an Airteagal seo nuair nach n-áirítear sa ghrúpa ach dhá chuideachta a bhfuil an fhochuideachta a mbaineann leo faoi raon feidhme Threoir 2009/102/CE.

* Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir leis na cuntais bhliantúla agus na cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1).

** Treoir 91/674/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir leis na cuntais bhliantúla agus na cuntais chomhdhlúite gnóthas árachais (IO L 374, 31.12.1991, lch. 7)';

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

‘Airteagal 15

Cláir atá cothrom le dáta

1. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a áirithiú go gcoinneofar cothrom le dáta an fhaisnéis faoi chuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB atá stóráilte sna cláir dá dtagraítear in Airteagal 16.

2. Leis na nósanna imeachta sin forálfar an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) go gcomhdóidh cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB aon athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis leis an gclár, laistigh de thréimhse ama nach faide ná 15 lá oibre ón dáta a ndearnadh na hathruithe. Ní bheidh feidhm ag an tréimhse ama sin maidir le hathruithe ar an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 14b agus ar na doiciméid chuntasaíochta dá dtagraítear in Airteagal 14, pointe (f), agus in Airteagal 14a, pointe (l);
- (b) go ndéanfar aon athrú ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB a iontráil sa chlár agus go nochtfar é, i gcomhréir le hAirteagal 16(3), laistigh de 5 lá oibre ó dháta chur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí uile is gá chun an comhdú a dhéanamh, lena n-áirítear na doiciméid agus an fhaisnéis uile a chomhlíonann an dlí náisiúnta a fháil;
- (c) go ndeimhneoidh cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB uair amháin gach bliain féilire go bhfuil an fhaisnéis faoin gcuideachta sa chlár cothrom le dáta agus go gcuirfear ar fáil go poiblí sna cláir an dáta a chuir an cuideachta an deimhniú sin ar fáil nó an dáta a thug sí an fhaisnéis cothrom le dáta;
- (d) chun faisnéis shonrach cuideachta a fhíorú, go bhféadfaidh cláir dul i gcomhairle le húdaráis nó cláir ábhartha eile laistigh den chreat nós imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta.

3. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a fhíorú, i gcás ina bhfuil amhras ann, an gcomhlíonann cuideachtaí atá cláraithe sna cláir dá dtagraítear in Airteagal 16 na ceanglais chun leanúint de bheith cláraithe. Áireofar sna rialacha lena rialaítear na nósanna imeachta sin an deis a bheith ag an gcuideachta an fhaisnéis ábhartha a cheartú laistigh de thréimhse réasúnta ama, áiritheofar leo go ndéanfar stádas na gcuideachtaí a thabhairt cothrom le dáta sa chlár dá réir sin agus i gcás ina mbeidh bonn cirt leis áireofar leo an bhféidearthacht go mbainfear cuideachtaí den chlár i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.’;

(18) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I ngach Ballstáit, osclófar comhad i gclár lárnach, tráchtála nó cuideachtaí (‘an clár’), le haghaidh gach ceann de na cuideachtaí atá LIOSTAITHE IN Iarscríbhinní II agus IIB atá cláraithe ann.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh EUID, dá dtagraítear i bpointe (9) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón

gCoimisiún*, ag cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB, lena bhféadfar iad a aithint gan iomrall sa chumarsáid a dhéanfar idir cláir trí chóras idirnascadh na gclár arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 22 ('córas idirnascadh na gclár'). Beidh san aitheantóir uathúil sin, ar a laghad, eilimintí lena mbeifear in ann Ballstát an chlár a shainaithint, mar aon leis an gclár tionscnaimh intíre agus an uimhir chuideachta sa chlár sin agus, i gcás inarb iomchuí, gnéithe chun earráidí sainaitheanta a sheachaint.';

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1042 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí agus nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chórais um idirnascadh na gclár agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2244 ón gCoimisiún (IO L 225, 25.6.2021, lch. 7).

- (19) in Airteagal 16, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
- ‘7. Beidh feidhm ag míreanna 2, 3, 4, 5 agus 6 den Airteagal seo maidir le gach doiciméad agus faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14a. Beidh feidhm ag mír 2 den Airteagal seo maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14b.’;
- (20) In Airteagal 16a, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:
- ‘5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cóipeanna agus sleachta leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis a sholáthraíonn an clár comhoiriúnach le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí].
6. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an Airteagal seo maidir le cóipeanna de na doiciméid agus den fhaisnéis uile dá dtagraítear in Airteagail 14a agus 14b, nó d’aon chuid díobh.’;
- (21) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:
- ‘Airteagal 16b

Deimhniú Cuideachta AE

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseoidh na cláir dá dtagraítear in Airteagal 16 an Deimhniú Cuideachta AE maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB. Glacfar leis an Deimhniú Cuideachta AE i ngach Ballstát mar fhianaise dhochloíte ar chorprú na cuideachta agus ar an bhfaisnéis a liostaítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, faoi seach, atá i seilbh an chlár ina bhfuil an chuideachta cláraithe tráth na heisiúna.
2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sa Deimhniú Cuideachta AE le haghaidh na gcuideachtaí faoi dhliteanas teoranta a liostaítear in Iarscríbhinn II, lena

n-áirítear an dáta a tugadh an fhaisnéis sa Deimhniú Cuideachta AE cothrom le dáta go deireanach i gcomhréir le hAirteagal 15(2):

- (a) ainm na cuideachta;
- (b) foirm dhlíthiúil na cuideachta;
- (c) oifig chlárúcháin na cuideachta agus an Ballstát ina bhfuil an chuideachta cláraithe;
- (d) EUID na cuideachta;
- (e) oifig chláraithe na cuideachta;
- (f) seoladh poist nó teagmhála na cuideachta;
- (g) seoladh leictreonach na cuideachta;
- (h) dáta clárúcháin na cuideachta;
- (i) méid an chaipitil shuibscríofa;
- (j) stádas na cuideachta;
- (k) sonraí daoine, atá údaraithe ag an gcuideachta, cibé mar chomhlacht nó mar chomhaltaí d'aon chomhlacht den sórt sin, chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta i ndáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla agus cibé ar féidir leis na daoine sin é sin a dhéanamh ina n-aonar nó an bhfuil sé de cheangal orthu gníomhú go comhpháirteach;
- (l) cuspóir na cuideachta;
- (m) ré na cuideachta;
- (n) mionsonraí maidir le suíomh gréasáin na cuideachta i gcás ina mbeidh sonraí den sórt sin taifeadta sa chlár náisiúnta.

3. Áireofar sa Deimhniú Cuideachta AE le haghaidh comhpháirtíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, pointí (a), (b), (c), (d), (e), (f), (g), (h), (j), (k), (l), (m) agus (n), den Airteagal seo, lena n-áirítear an dáta a ndearnadh an fhaisnéis sa Deimhniú Cuideachta AE a thabhairt cothrom le dáta go deireanach i gcomhréir le hAirteagal 15(2).

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas chomh maith:

- (a) méid iomlán ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe;
- (b) sonraí na gcomhpháirtithe ginearálta agus, i gcás comhpháirtíochtaí teoranta, sonraí na gcomhpháirtithe teoranta;
- (c) sonraí na gcomhpháirtithe dá n-údaráítear ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na gcomhpháirtíochta le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla.

4. Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfar an Deimhniú Cuideachta AE a fháil ón gclár dá dtagraítear in Airteagal 16 ar iarratas a chur isteach chuig an gclár ar páipéar nó le meán leictreonach.

Áiríteoidh na Ballstáit go bhféadfar an leagan leictreonach de Dheimhniú Cuideachta AE a fháil freisin tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.

5. Ní bheidh an praghas ar an Deimhniú Cuideachta AE a fháil, is cuma cé acu ar páipéar nó le meán leictreonach a thabharfar í, níos airde ná an costas riaracháin a bhaineann leis sin, lena n-áirítear costais forbartha agus cothabhála na gclár.

Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh gach cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB a Deimhniú Cuideachta AE a fháil i bhformáid leictreonach saor in aisce uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana féilire.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an Deimhniú Cuideachta AE a sholáthraíonn an clár i bhformáid leictreonach a fhíordheimhniú trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 chun a ráthú gurb é an clár a sholáthar é agus gur cóip dhílis atá ann den fhaisnéis atá coinnithe sa chlár nó go bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ann. Beidh sé comhoiriúnach freisin le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí, dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí].

7. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar ar an Deimhniú Cuideachta AE a sholáthraíonn an clár i bhformáid páipéir an dáta eisiúna, chomh maith le séala nó stampa an chláir chun a ráthú gur cóip dhílis atá ann den fhaisnéis atá coinnithe sa chlár nó go bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ann. Beidh gné theicniúil ar an Deimhniú Cuideachta AE freisin lena féidir fíorú leictreonach a dhéanamh ar thionscnamh agus ar bharántúlacht an doiciméid amhail prótacal uathúil nó uimhir aitheantais.

8. Foilseoidh an Coimisiún an teimpléad le haghaidh an Deimhniú Cuideachta AE ar an tairseach i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Airteagal 16c

Cumhacht aturnae dhigiteach AE

1. Áiritheoidh na Ballstáit, chun nósanna imeachta a dhéanamh i mBallstát eile i gcomhthéacs na Treorach seo, go bhféadfaidh cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB samhail chaighdeánach le haghaidh cumhacht aturnae dhigiteach AE a úsáid i gcomhréir leis an Airteagal seo chun duine a údarú chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta.

Déanfar an chumhacht aturnae dhigiteach AE a tharraingt suas agus a chúlghairm i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus fhoirmiúla náisiúnta. Áireofar ar na ceanglais náisiúnta maidir le cumhacht aturnae dhigiteach AE a tharraingt suas, ar a laghad, fíorú ar chéannacht, ar inniúlacht dhlítheanach agus ar údarás chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta an duine a dheonaíonn an chumhacht aturnae.

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíordheimhneofar an chumhacht aturnae dhigiteach AE trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, agus go mbeidh sí comhoiriúnach le Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí dá dtagraítear in [Oifig na bhFoilseachán: Tagairt do Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí].

2. Glacfar leis an gcumhacht aturnae dhigiteach AE mar fhianaise ar theidlíocht an duine údaraithe ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta mar a shonraítear sa doiciméad.
3. Áiríteoidh na Ballstáit go gcomhdóidh na cuideachtaí dá dtagraítear i mír 1 an chumhacht aturnae dhigiteach AE, aon leasú uirthi, agus aon chúlghairm, leis an gclár ina bhfuil an chuideachta cláraithe.
4. Údaráis inniúla, cláir dá dtagraítear in Airteagal 16, nó aon tríú páirtí eile ar féidir leis leas dlisteanach a léiriú, beidh rochtain acu ar an gcumhacht aturnae dhigiteach AE i gclár na cuideachta.
5. Foilseoidh an Coimisiún an tsamhail chaighdeánach le haghaidh cumhacht aturnae dhigiteach AE ar an tairseach i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais.

Airteagal 16d

Díolmhú ó dhlísteánú agus ó fhoirmiúlacht chomhchosúil

1. I gcás ina bhfuil cóipeanna agus sleachta de dhoiciméid agus d'fhaisnéis arna soláthar agus arna ndeimhniú mar chóipeanna dílse ag clár dá dtagraítear in Airteagal 16, lena n-áirítear aistriúcháin dheimhnithe, le tíolacadh i mBallstát eile, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh siad díolmhaithe ó gach cineál dlisteanaithe agus ó fhoirmiúlacht chomhchosúil.

Tá feidhm ag an mír seo maidir le cóipeanna leictreonacha agus sleachta leictreonacha de dhoiciméid agus d'fhaisnéis, lena n-áirítear aistriúcháin dheimhnithe, i gcás inar fíordheimhníodh iad i gcomhréir le hAirteagal 16a(4), agus maidir le cóipeanna agus sleachta i bhformáid páipéir de dhoiciméad agus d'fhaisnéis i gcás ina n-áirítear iontu dáta a n-eisiúna chomh maith le séala nó stampa an chláir agus ar a bhfuil gné theicniúil lenar féidir fíorú leictreonach a dhéanamh ar thionscnamh agus ar bharántúlacht an doiciméid amhail prótacal uathúil nó uimhir aitheantais.

2. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh an Deimhniú Cuideachta AE arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16b, an chumhacht aturnae dhigiteach AE dá dtagraítear in Airteagal 16c agus na deimhnithe réamhoibríochta arna dtarchur i gcomhréir le hAirteagail 86n, 127a agus 160n díolmhaithe ó dhlísteánú agus ó aon fhoirmiúlacht chomhchosúil eile.

3. I gcás ina bhfuil ionstraimí nótaire, doiciméid riaracháin, cóipeanna deimhnithe agus aistriúcháin dheimhnithe díobh arna n-eisiúint i mBallstát i gcomhthéacs nósanna imeachta na Treorach seo le tíolacadh i mBallstát eile, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh siad díolmhaithe ó gach cineál dlisteanaithe agus ó fhoirmiúlacht chomhchosúil.

Tá feidhm ag an mír seo maidir le hionstraimí nótaire leictreonacha, doiciméid riaracháin leictreonacha, cóipeanna deimhnithe agus aistriúcháin dheimhnithe díobh i

bhfoirm leictreonach i gcás inar fíordheimhníodh iad trí bhíthin seirbhísí iontaoibhe dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, agus maidir le cinn ar páipéar i gcás ina bhfuil gné theicniúil orthu lenar féidir fíorú leictreonach a dhéanamh ar thionscnamh agus ar bharántúlacht an doiciméid amhail prótacal uathúil nó uimhir aitheantais.

Airteagal 16e

Coimircí i gcás amhras réasúnach

1. Na húdaráis i mBallstát eile dá gcuirtear faoina mbráid na cóipeanna agus sleachta de dhoiciméid agus d'fhaisnéis arna soláthar agus arna ndeimhniú mar chóipeanna dílse ó chlár i gcomhréir le hAirteagal 16d(1), nó Deimhniú Cuideachta AE arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 16b, féadfaidh na húdaráis sin iarraidh ar fhaisnéis a chur isteach chuig an bpointe teagmhála i gcás ina bhfuil amhras réasúnach orthu maidir le tionscnamh agus barántúlacht, lena n-áirítear céannacht an tséala nó an stampa, nó a bhfuil cúis acu a mheas go ndearnadh an doiciméad a bhrionnú nó go ndearnadh crioscaíl leis, ar pointe teagmhála é:

- (a) sa chlár a chuir na cóipeanna agus na sleachta sin de dhoiciméid agus d'fhaisnéis ar fáil, nó
- (b) i gclár Bhallstát an údaráis inar cuireadh na cóipeanna agus sleachta de dhoiciméid agus d'fhaisnéis faoina bhráid. Tríd an gcóras um idirascadh na gclár, fíoróidh an clár sin barántúlacht na gcóipeanna agus na sleachta sin de dhoiciméid agus d'fhaisnéis leis an gclár a chuir iad ar fáil.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin bpointe teagmhála ábhartha ina gclár dá dtagraítear in Airteagal 16.

2. Iarrataí ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh siad na cúiseanna a bhfuil an t-údarás in amhras faoi bharántúlacht an doiciméid, lena n-áirítear ar a laghad an teip a bheith in ann an sliocht a fhíordheimhniú trí mhodhanna fíoraithe leictreonacha. Beidh an chóip nó an sliocht den doiciméad agus den fhaisnéis lena mbaineann a tarchuireadh go leictreonach ag gabháil le gach iarraidh.

Diúltóidh clár, gan scrúdú, d'iarrataí nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa mhír seo agus cuirfidh sé an t-údarás a thíolaic an iarraidh ar an eolas faoin diúltú.

3. Tabharfaidh na pointí teagmhála freagra ar iarrataí ar fhaisnéis a dhéantar faoi mhír 1 laistigh de thréimhse nach faide ná 5 lá oibre.

4. Mura ndeimhnítear barántúlacht na gcóipeanna agus na sleachta de dhoiciméid agus d'fhaisnéis, féadfaidh an t-údarás iarrthach cinneadh a dhéanamh gan glacadh leo.

Airteagal 16f

Díolúine maidir le haistriúchán

1. I gcás cóipeanna nó sleachta de dhoiciméid agus d'fhaisnéis a chuireann na cláir dá dtagraítear in Airteagal 16 ar fáil agus a úsáidtear i gcásanna trasteorann, lena n-áirítear sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 13g(2a) agus in Airteagal 28a(5), áiritheoidh na Ballstáit nach gceanglófar aistriúchán:

- (a) i gcás ina bhfuil an doiciméad nó an fhaisnéis i dteanga oifigiúil an Bhallstáit ina gcuirtear an doiciméad nó an fhaisnéis isteach, nó i gceann de na teangacha oifigiúla má tá roinnt teangacha oifigiúla ag an mBallstát sin, nó in aon teanga eile a nglacann an Ballstát sin léi go sainráite;
- (b) i gcás ina mbeidh rochtain ar an bhfaisnéis tríd an gcóras um idirnascadh na gclár agus ina mbeidh an fhaisnéis inaitheanta trí lipéid mhíniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18;
- (c) i gcás ina n-áirítear an fhaisnéis shonrach sa Deimhniú Cuideachta AE dá dtagraítear in Airteagal 16b.

2. Gan dochar do mhír 1, i gcás ina bhfuil na hionstraimí comhdhéanaimh agus na reachtanna má tá siad in ionstraim ar leithligh, agus doiciméid eile a chuireann na cláir dá dtagraítear in Airteagal 16 ar fáil, le cur isteach i mBallstát eile, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh gá le haistriúchán deimhnithe ach amháin nuair a bheidh bonn cirt leis sin de bharr na críche dá n-úsáidfear an doiciméad, amhail chun riachtanas éigeantach maidir le nochtadh poiblí a chomhlíonadh nó chun é a chur isteach in imeachtaí breithiúnacha, agus má tá fíorghá leis.';

- (22) in Airteagal 17, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir leis an bhfaisnéis faoi chomhpháirtíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 14a.’;

- (23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

‘Airteagal 18

Teacht ar chóipeanna leictreonacha de dhoiciméid agus d'fhaisnéis

1. Cuirfear cóipeanna leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 14, 14a agus 14b ar fáil don phobal freisin tríd an gcóras um idirnascadh na gclár. Féadfaidh na Ballstáit na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 14, 14a agus 14b a chur ar fáil freisin do chineálacha cuideachtaí seachas na cinn a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB.

Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 16a(3), (4) agus (5) freisin maidir le cóipeanna leictreonacha de na doiciméid agus den fhaisnéis a chuirtear ar fáil go poiblí tríd an gcóras um idirnascadh na gclár.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 14, 14a, 14b, in Airteagal 19(2) agus in Airteagal 19a(2) ar fáil tríd an gcóras um idirnascadh na gclár i bhformáid chaighdeánach teachtaireachta agus go mbeidh siad inrochtana trí mheán leictreonach. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go n-urramófar íoschaighdeáin do shlándáil tarchurtha sonraí.

3. Soláthróidh an Coimisiún seirbhís chuardaigh i dteangacha oifigiúla uile an Aontais maidir le cuideachtaí atá cláraithe sna Ballstáit, chun go gcuirfear an méid seo a leanas ar fáil tríd an tairseach:

(a) na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 14, 14a, 14b, Airteagal 19(2) agus Airteagal 19a(2), lena n-áirítear le haghaidh cineálacha cuideachtaí seachas na cinn a liostaítear in Iarscríbhinní II agus IIB, i gcás ina gcuirfidh na Ballstáit na doiciméid sin ar fáil;

(aa) na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 86g, 86n, 86p, 123, 127a, 130, 160g, 160n agus 160p;

(b) na lipéid mhíniúcháin, agus iad ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ina liostaítear an fhaisnéis sin agus cineálacha na ndoiciméad sin.

4. Áiríteoidh na Ballstáit, tríd an gcóras um idirnascadh na gclár gnó, go gcuirfear céadainm, sloinne agus dáta breithe na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 14, pointe (d), in Airteagal 14a, pointí (j) agus (k), in Airteagal 19(2), pointe (g), in Airteagal 19a (2), pointe (g), in Airteagal 30(1), pointe (e) agus in Airteagal 36(3), pointe (f), ar fáil go poiblí.

5. Áiríteoidh na Ballstáit, tríd an gcóras um idirnascadh na gclár gnó, go gcuirfear céadainm, sloinne agus dáta breithe na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir 2009/102/CE ar fáil go poiblí.

6. Áiríteoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh na cláir, na húdaráis ná na daoine ná na comhlachtaí atá sainordaithe faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de na nósanna imeachta a gcumhdaítear leis an Treoir seo na sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur tríd an gcóras um idirnascadh na gclár chun críocha Airteagail 13g, 28a agus 30a a stóráil mura bhforáiltear a mhalairt le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.’;

(24) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 19a

Na táillí is féidir a ghearradh le haghaidh doiciméid agus faisnéis i ndáil le comhpháirtíochtaí

1. Ní bheidh na táillí a ghearrfar chun teacht ar na doiciméid agus na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14a tríd an gcóras um idirnascadh na gclár níos airde ná an costas riaracháin lena mbaineann, lena n-áirítear costais forbartha agus chothabhála na gclár.

2. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis agus na doiciméid seo a leanas maidir leis na cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB ar fáil saor in aisce tríd an gcóras um idirnascadh na gclár:

(a) ainm agus foirm dhlíthiúil na comhpháirtíochta;

(b) oifig chláraithe na comhpháirtíochta agus an Ballstát ina bhfuil sí cláraithe;

- (c) uimhir chlárúcháin na comhpháirtíochta agus a EUID;
- (d) mionsonraí maidir le suíomh gréasáin na comhpháirtíochta i gcás ina mbeidh sonraí den sórt sin taifeadta sa chlár náisiúnta;
- (e) stádas na comhpháirtíochta, amhail an tráth a dhúntar í, an tráth a bhaintear den chlár í, an tráth a dhéantar í a fhoirceannadh, an tráth a dhéantar í a dhíscaoileadh, an tráth atá sí gníomhach nó neamhghníomhach go heacnamaíoch mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta;
- (f) cuspóir na comhpháirtíochta;
- (g) bunsonraí na gcomhpháirtithe a dhéanann ionadaíocht thar ceann na comhpháirtíochta i ndéileálacha le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla, agus faisnéis i ndáil le cibé ar féidir leis na comhpháirtithe atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na comhpháirtíochta é sin a dhéanamh ina n-aonar nó an bhfuil sé de cheangal orthu gníomhú go comhpháirteach;
- (h) faisnéis faoi aon bhrainte arna oscailt ag an gcomhpháirtíocht i mBallstát eile, lena n-áirítear an t-ainm, an uimhir chlárúcháin, an EUID agus an Ballstát ina bhfuil an brainse cláraithe.’;

(25) in Airteagal 21, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘5. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hAirteagail 14a agus 14b.’;

(26) in Airteagal 22, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘7. Bunófar naisc idir an córas um idirnascadh na gclár, an córas um idirnascadh chlár na húinéireachta tairbhiúla de bhun Airteagal 30(10) agus Airteagal 31(9) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus an córas um idirnascadh na gclár dócmhainneachta de bhun Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**.

Ní dhéanfaidh bunú nasc i gcomhréir leis an gcéad fhomhír na rialacha agus na ceanglais a bhaineann le rochtain na faisnéise a leagtar amach faoi na creataí ábhartha lena mbunaítear na cláir agus na hidirnaisc sin a athrú ná ní rachaidh sé timpeall orthu.’;

* Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, IO L 141, 5.6.2015, lgh. 73–117.

** Rialachán (AE) Uimh. 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (athmhúnlú), IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19–72.

(27) in Airteagal 24, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘2. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas freisin:

- (a) an liosta mionsonraithe sonraí agus na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear na modhanna chun faisnéis a aisghabháil idir clár na cuideachta bunaidh agus clár an bhrainse atá á fhoirmiú dá dtagraítear in Airteagal 13g(2a) agus idir clár na cuideachta agus clár an bhrainse dá dtagraítear in Airteagal 28a(5);
- (b) an liosta mionsonraithe sonraí, úsáid lipéad míniúcháin agus na sonraíochtaí teicniúla lena sainítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 14a, 14b agus in Airteagal 19a(2) atá le cur ar fáil tríd an gcóras um idirnascadh na gclár;
- (c) liosta mionsonraithe na sonraí agus na sonraíochtaí teicniúla chun críche faisnéis a mhalartú idir cláir dá dtagraítear in Airteagal 14b(5);
- (d) na sonraí teicniúla agus an liosta mionsonraithe sonraí le haghaidh léirshamhlú struchtúr an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 14b(10);
- (e) na caighdeáin theicniúla agus an tacsanomaíocht do na doiciméid agus don fhaisnéis atá le comhdú i gcomhréir le hAirteagal 16(6), agus na caighdeáin theicniúla atá in úsáid cheana i gcláir na mBallstát á gcur san áireamh;
- (f) na sonraíochtaí teicniúla, an tacsanomaíocht agus na teimpléid ilteangacha don Deimhniú Cuideachta AE dá dtagraítear in Airteagal 16b;
- (g) na sonraíochtaí teicniúla, an tacsanomaíocht agus an tsamhail chaighdeánach ilteangach le haghaidh cumhacht aturnae dhigiteach AE dá dtagraítear in Airteagal 16c;
- (h) na sonraíochtaí teicniúla agus an liosta mionsonraithe sonraí lena sainítear an inrochtaineacht fhrithpháirteach idir idirnaisc dá dtagraítear in Airteagal 22(7), lena n-áireofar úsáid an aitheantóra uathúil le haghaidh cuideachtaí a sannadh i gcomhréir le hAirteagal 16;
- (i) na sonraíochtaí teicniúla agus an liosta mionsonraithe sonraí lena sainítear an fíorú dá dtagraítear in Airteagal 16e(1), pointe (b).

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 164(2).’;

(28) In Airteagal 26, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le cuideachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IIB.’;

(29) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

‘Airteagal 28

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha sna cásanna seo a leanas ar a laghad:

- (a) teip na doiciméid agus an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagail 14, 14a agus 14b a nochtadh;

- (b) teip athruithe a chomhdú laistigh den tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 15(2);
- (c) faillí an fhaisnéis éigeantach dá bhforáiltear in Airteagal 26 a chur isteach i ndoiciméid tráchtála nó a chur ar shuíomh gréasáin ar bith de chuid cuideachta.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar na pionóis sin a fhorfheidhmiú.’;

- (30) in Airteagal 28a(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):
 ‘(c) fíorú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na ndoiciméad agus na faisnéise a gcuirtear isteach chun an brainse a chlárú, ach amháin na doiciméid agus an fhaisnéis a aisghabhtar ó chlár na cuideachta i gcomhréir le mír 5;’;
- (31) in Airteagal 28a(5), scriostar an chéad fhomhír;
- (32) in Airteagal 28a, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
 ‘5a Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina gcláróidh cuideachta a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn IIB brainse i mBallstát eile, go n-aisghabhfaidh an clár ina bhfuil an brainse á chlárú, tríd an gcóras um idirnascadh na gclár, na doiciméid agus an fhaisnéis faoin gcuideachta atá ábhartha don nós imeachta clárúcháin atá ar fáil i gclár an Bhallstáit ina bhfuil an chuideachta sin cláraithe, agus nach n-iarrfar ar an gcuideachta na doiciméid agus an fhaisnéis sin a sholáthar. Féadfaidh an clár Deimhniú Cuideachta AE a aisghabháil freisin faoi Airteagal 16b. Cuirfidh na Ballstáit an mhír seo i bhfeidhm freisin maidir le haon fhoirm eile clárúcháin brainsí seachas clárú brainsí go hiomlán ar líne.
 I gcás ina bhfuil sainordú ag aon údarás nó duine nó comhlacht faoin dlí náisiúnta chun déileáil le haon ghné de chlárú brainse, agus ina bhfuil gá leis na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír chun na cúraimí sin a chomhlíonadh, cuirfidh clár an Bhallstáit ina bhfuil an brainse á chlárú na doiciméid agus an fhaisnéis a aisghabhadh ar fáil don údarás, don duine nó don comhlacht sin.’;
- (33) in Airteagal 28b(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:
 ‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 30, nó aon mhodhnú orthu, a chomhdú ar líne i gcomhréir le hAirteagal 15(2), pointí (a) agus (b).’;
- (34) in Airteagal 30(2), scriostar pointe (c);

- (35) cuirtear na míreanna seo a leanas le hAirteagal 36:
- ‘3. Cuirfear na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 37 ar fáil don phobal tríd an gcóras um idirnascadh na glár. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 18 agus ag Airteagal 19(1).
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar a laghad an fhaisnéis agus na doiciméid seo a leanas ar fáil saor in aisce tríd an gcóras um idirnascadh na glár:
- (a) ainm na cuideachta agus ainm an bhrainse, más éagsúil le hainm na cuideachta é;
 - (b) foirm dhlíthiúil na cuideachta;
 - (c) dlí an Stáit lena rialaítear an chuideachta;
 - (d) i gcás ina bhforáiltear amhlaidh leis an dlí sin, an clár ina bhfuil taifead ar an gcuideachta agus uimhir chlárúcháin na cuideachta sa chlár sin;
 - (e) seoladh an bhrainse;
 - (f) sonraí na ndaoine dá n-údaraítear ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta i ndéileálacha le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlíthiúla:
 - mar orgán cuideachta a bunaíodh de bhun an dlí nó mar chomhaltáí d’aon orgán den sórt sin
 - mar bhuanionadaithe de chuid na cuideachta maidir le gníomhaíochtaí an bhrainse.

Sonrófar réimse na gcumhachtaí atá ag na daoine dá n-údaraítear ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na cuideachta, agus arbh fhéidir sin a dhéanamh as a stuaím féin nó an bhfuil orthu gníomhú go comhpháirteach;
 - (g) aitheantóir uathúil an bhrainse i gcomhréir le mír 5.
5. Cuirfidh na Ballstáit Airteagal 29(4) i bhfeidhm *mutatis mutandis* maidir le brainsí cuideachtaí ó thríú tíortha.’;

- (36) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 40:

‘Airteagal 40

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i gcás teip na hábhair a leagtar amach in Airteagail 29, 30, 31, 36, 37 agus 38 a nochtadh agus i gcás faillí an fhaisnéis éigeantach dá bhforáiltear in Airteagail 35 agus 39 a chur isteach i litreacha agus i bhfoirmeacha ordaithe.

Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéantar na pionóis sin a fhorfheidhmiú.’

- (37) Cuirtear isteach Iarscríbhinn IIB, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 3

Trasuí

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: *lá deireanach den 24ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo*] ar a dhéanaí, déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón [Oifig na bhFoilseachán: *lá deireanach den 30ú mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo*].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach chun tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Tuairisciú agus athbhreithniú

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: *an dáta 5 bliana tar éis dheireadh thréimhse thrasuí na Treorach seo*], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi na torthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun an tuarascáil a ullmhú, go háirithe trí shonraí a bhaineann le mír 2 a sholáthar.

2. Déanfar meastóireacht ar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, sa tuarascáil ón gCoimisiún:

- (a) an taithí phraiticiúil maidir leis an Deimhniú Cuideachta AE a úsáid;
- (b) an taithí phraiticiúil maidir leis an gCumhacht Aturnae Dhigiteach AE a úsáid;
- (c) an taithí phraiticiúil ar fhoirmiúlachtaí do chuideachtaí i gcásanna trasteorann a laghdú.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar na nithe seo a leanas:

- (a) an acmhainneacht maidir le hidir-inoibritheacht trasearnála idir an córas um idirnascadh na gclár gnó agus córais eile lena soláthraítear sásraí le haghaidh comhar idir údarais inniúla;
- (b) féachaint an bhfuil gá le bearta breise chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar riachtanais daoine faoi mhíchumas nuair a fhaigheann siad rochtain ar fhaisnéis cuideachta a chuirtear ar fáil sna cláir ghnó.

4. Beidh ag gabháil leis an tuarascáil, i gcás inarb iomchuí, togra chun Treoir (AE) 2017/1132 a leasú a thuilleadh.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 6

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa *Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán *An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

Ábhar

1.	FRAMEWORK OF THE PROPOSAL/INITIATIVE	3
1.1.	Title of the proposal/initiative	3
1.2.	Policy area(s) concerned	3
1.3.	The proposal/initiative relates to:	3
1.4.	Objective(s)	3
1.4.1.	General objective(s)	3
1.4.2.	Specific objective(s)	4
1.4.3.	Expected result(s) and impact	4
1.4.4.	Indicators of performance	5
1.5.	Grounds for the proposal/initiative	6
1.5.1.	Requirement(s) to be met in the short or long term including a detailed timeline for roll-out of the implementation of the initiative	6
1.5.2.	Added value of Union involvement	6
1.5.3.	Lessons learned from similar experiences in the past	7
1.5.4.	Compatibility with the Multiannual Financial Framework and possible synergies with other appropriate instruments	7
1.5.5.	Assessment of the different available financing options, including scope for redeployment	7
1.6.	Duration and financial impact of the proposal/initiative	8
1.7.	Method(s) of budget implementation planned	8
2.	MANAGEMENT MEASURES	10
2.1.	Monitoring and reporting rules	10
2.2.	Management and control system(s)	10
2.2.1.	Justification of the management mode(s), the funding implementation mechanism(s), the payment modalities and the control strategy proposed	10
2.2.2.	Information concerning the risks identified and the internal control system(s) set up to mitigate them	10
2.2.3.	Estimation and justification of the cost-effectiveness of the controls (ratio of "control costs ÷ value of the related funds managed"), and assessment of the expected levels of risk of error (at payment & at closure)	11
2.3.	Measures to prevent fraud and irregularities	11
3.	ESTIMATED FINANCIAL IMPACT OF THE PROPOSAL/INITIATIVE	12
3.1.	Heading(s) of the multiannual financial framework and expenditure budget line(s) affected	12
3.2.	Estimated financial impact of the proposal on appropriations	13

3.2.1.	Summary of estimated impact on operational appropriations.....	13
3.2.2.	Estimated output funded with operational appropriations	16
3.2.3.	Summary of estimated impact on administrative appropriations.....	17
3.2.4.	Compatibility with the current multiannual financial framework.....	21
3.2.5.	Third-party contributions	21
3.3.	Estimated impact on revenue	23

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/102/CE agus (AE) 2017/1132 a mhéid a bhaineann le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh

1.2. Réimse/réimsí beartais lena mbaineann

Dlí na gCuideachtaí/an margadh aonair

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

- ☒ beart nua
- ☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹
- ☐ síneadh ar bheart atá ann cheana
- ☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo birt eile/birt nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is iad seo a leanas cuspóirí ginearálta an togra:

- Trédhearcacht agus iontaoibh fheabhsaithe sa timpeallacht gnó
- Seirbhísí poiblí trasteorann níos digitithe agus níos nasctha do chuideachtaí
- Leathnú trasteorann níos éasca do FBManna
- Beart AE níos éifeachtaí in aghaidh na mí-úsáide agus na calaoise.

¹ Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonracha Uimh. 1:

Cur le méid na sonraí cuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó agus/nó i gCóras Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS) agus feabhas a chur ar iontaofacht na sonraí sin.

Cuspóir sonracha Uimh. 2:

Úsáid dhíreach sonraí cuideachta atá ar fáil i gcláir ghnó a chumasú nuair a dhéantar brainsí nó fochuideachtaí trasteorann a bhunú agus i ngníomhaíochtaí agus cásanna trasteorann eile.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Is iad seo a leanas na torthaí agus an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra seo:

- Gnólachtaí: Le níos mó sonraí cuideachta tábhachtacha a bheith ar fáil go poiblí i gcláir ghnó agus ar leibhéal an Aontais trí BRIS agus le feabhas a chur ar a iontaofacht, laghdófar an t-ualach riaracháin foriomlán ar chuideachtaí agus, dá réir sin, éascófar rochtain ar mhaoiniú agus cruthú gnólachtaí. Trí úsáid trasteorann sonraí den sórt sin a éascú, agus fochuideachtaí nó brainsí nua á gcruthú ar bhonn trasteorann nó i gcásanna trasteorann eile, cruthófar coigiltis costas athfhillteach thábhachtacha agus, dá bhrí sin, déanfar éascú mór ar ghníomhaíochtaí gnó trasteorann a dhéanamh agus éascófar rochtain ar mhargaí Ballstát eile.
- Cláir ghnó: Trí inrochtaineacht agus iontaofacht mhéadaithe sonraí cuideachta, agus naisc níos fearr idir cláir, a bhuí le prionsabal na haonuaire agus córais/cláir eile ar leibhéal an Aontais a nascadh le BRIS, ba cheart go n-éascófaí obair na gclár. Costais aonuaire ar chláir ghnó chun na córais TF a oiriúnú, agus costais athfhillteacha e.g. chun fíorú *ex-ante* a dhéanamh ar shonraí cuideachta.
- Údaráis phoiblí eile: Éascóidh rochtain níos éasca ar thacair bhreise faisnéise obair na n-údarás, mar shampla chun an chalaois agus an mhí-úsáid a chomhrac. Trí phrionsabal na haonuaire agus riarachán poiblí níos nasctha a chur i bhfeidhm tríd an digitiú, laghdófar an t-ualach d'údaráis phoiblí freisin. Caillfidh na húdaráis a bhfuil sé de chúram orthu apastail a eisiúint roinnt ioncaim ó apastail ach is lú an t-ualach riaracháin a bheidh orthu i bhfianaise na héiginnteachta dlíthiúla atá ann faoi láthair agus na n-acmhainní daonna gaolmhara agus an ama a theastaíonn chun an apastail a eisiúint.
- Bainfidh saoránaigh agus tomhaltóirí tairbhe as rochtain níos éasca ar shonraí iontaofa cuideachta. Bainfidh an tsochaí i gcoitinne tairbhe as an tionscnamh toisc go n-éascóidh sé an comhrac in aghaidh na calaoise agus na mí-úsáide agus go gcuirfidh sé uirlisí digiteacha chun cinn.

- Tionchar dearfach ar an gcomhshaol, a eascraíonn go príomha as féidearthacht mhéadaithe nósanna imeachta agus uirlisí digiteacha a úsáid idir cláir ghnó agus cuideachtaí, agus idir cláir ghnó i mBallstáit éagsúla freisin trí BRIS, agus cur i bhfeidhm méadaithe phrionsabal na haonuaire (is é sin e.g. úsáid laghdaithe páipéir, laghdú ar an ngá le taisteal).

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

Táscaire Uimh. 1 (Cuspóir Sonrach Uimh. 1)

Is mar seo a leanas a bheidh na táscairí:

- líon na n-iarrataí ar shonraí cuideachta trí leathanach ‘Aimsigh cuideachta’ BRIS ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas,
- líon na n-iarrataí ar shonraí cuideachta ón gCóras um Idirnascadh Chláir na hÚinéireachta Tairbhiúla (BORIS) agus ó Idirnascadh an Chláir Dócmhainneachta (IRI),
- líon na n-eintiteas dlítheanach a bhfuil uimhir EUID acu (an t-aitheantóir cuideachta a shanntar go huathoibríoch do chuideachtaí a bhfuil a gcuid faisnéise ar fáil trí BRIS),
- tuairimí páirtithe leasmhara (cuideachtaí, cláir, údaráis phoiblí) maidir lena mhéid is féidir sonraí cuideachta a chuardach agus rochtain a fháil orthu ar bhonn trasteorann.

Déanfar na táscairí a thomhas de réir na bonnlíne (e.g. líon na n-iarrataí sula gcuirfear tús leis an gcur chun feidhme, go príomha ar bhonn sonraí staidrimh ó BRIS). Is é an sprioc ná méadú suntasach ar na huimhreacha. Ní féidir sprioc níos beaichte a leagan síos toisc go mbraitheann na figiúirí ar roinnt tosca eile nach mbaineann leis an tionscnamh (e.g. an staid eacnamaíoch sa mhargadh aonair) freisin.

Déanfar faireachán ar na táscairí ar bhonn bliantúil, ag tosú tráth nach luaithe ná bliain amháin ón tráth a dhéanfar na bearta a thrasú go hiomlán agus a bheidh siad go hiomlán oibríochtúil sna Ballstáit, agus ar feadh tréimhse 5 bliana (le cur le tuarascáil mheastóireachta na Treorach).

Táscaire Uimh. 2 (Cuspóir Sonrach Uimh. 2)

Is mar seo a leanas a bheidh na táscairí:

- costais ar chuideachtaí a bhaineann le fochuideachtaí nó brainsí a chur ar bun i mBallstáit eile,
- an líon sleachta cuideachtaí coiteanna a eisíodh,
- tuairimí páirtithe leasmhara (cuideachtaí, cláir, údaráis phoiblí) maidir lena mhéid is féidir sonraí cuideachta a úsáid go díreach ar bhonn trasteorann,

Déanfar na táscairí a thomhas de réir na bonnlíne (e.g. costais sula gcuirfear tús leis an gcur chun feidhme, go príomha ar bhonn sonraí staidrimh ó BRIS, ó chlár ghnó agus ó údarais na mBallstát, i gcás ina mbeidh sonraí ar fáil). Is é an sprioc atá ann laghdú suntasach ar chostais nó méadú ar an líon sleachta cuideachtaí coiteanna a eisítear, ní féidir sprioc níos beaichte a leagan síos toisc go mbraitheann na figiúirí ar roinnt tosca eile nach mbaineann leis an tionscnamh (e.g. an staid eacnamaíoch sa margadh aonair) freisin.

Déanfar faireachán ar na táscairí ar bhonn bliantúil, ag tosú tráth nach luaithe ná bliain amháin ón tráth a dhéanfar na bearta a thrasú go hiomlán agus a bheidh siad go hiomlán oibríochtúil sna Ballstáit, agus ar feadh tréimhse 5 bliana (le cur le tuarascáil mheastóireachta na Treorach).

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais atá le comhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme an tionscnaimh ar bhonn céimneach*

Leanfaidh cur chun feidhme an togra seo cur chuige céimnithe. Ar theacht i bhfeidhm don Treoir seo, cuirfear tús leis an obair chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh. Ag an am céanna, déanfar na forbairtí teicniúla in BRIS agus sna Ballstáit.

Is féidir amlíne cur chun feidhme sealadach a léiriú mar seo a leanas:

- 2024 Glacadh na Treorach
- 2025 Teacht i bhfeidhm na Treorach
- 2026 Glacadh an ghnímh cur chun feidhme
- 2026-2027 Cur chun feidhme teicniúil in BRIS agus sna Ballstáit.
- 2027 Trasú ag na Ballstáit.
- 2028- Cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Treorach ag na Ballstáit.

1.5.2. *Breishluach rannpháirtíocht an Aontais*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex-ante*)

Dírítear sa tionscnamh seo ar shaincheisteanna trasteorann i réimse dhlí na gcuideachtaí. Feabhsóidh sé infhaighteacht agus iontaofacht sonraí cuideachta inchomparáide ilteangacha ar leibhéal an Aontais agus éascóidh sé úsáid na sonraí cuideachta sin ar bhonn trasteorann. Tá gá le beart comhordaithe chun a áirithiú go mbeidh na sonraí ag gach Ballstát ina gclár ghnó agus go gcuirfear na sonraí sin ar fáil i bhformáid inchomparáide ilteangach go lárnach ar leibhéal an Aontais trí BRIS. Tá gá le beart comhordaithe freisin chun a áirithiú go ndéantar

seiceálacha coiteanna ar shonraí cuideachta sula ndéantar iad a iontráil i gcláir ghnó náisiúnta chun a n-iontaofacht a fheabhsú agus chun úsáid na sonraí sin i gcásanna trasteorann a éascú. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir an breisluach a bhaineann le nascadh na gcóras um idirnascadh na gclár ar leibhéal an Aontais a bhaint amach ach amháin trí ghníomhaíocht an Aontais.

Is ar leibhéal an Aontais amháin is féidir creat dlíthiúil comhleanúnach a bhaint amach maidir le hinfhaighteacht trasteorann ar shonraí cuideachta agus maidir le húsáid trasteorann na sonraí sin. Ní bheadh na Ballstáit in ann feabhas leordhóthanach a chur ar na fadhbanna sin astu féin.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cuirtear san áireamh sa togra na ceachtanna a foghlaimíodh ó bhunú agus ó oibriú chóras BRIS agus ó chaibidlíocht, trasuí agus cur chun feidhme na Treorach maidir le Digiú Dhlí na gCuideachtaí (Treoir (AE) 2019/1151).

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Cuireann an togra le cuspóir na Teachtaireachta dar teideal *2030 Digital Compass: the European way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach le haghaidh na Deacaíde Digiú] chun príomhsheirbhísí poiblí ar líne a chur ar fáil ar líne do ghnólaigh Eorpacha. Tugann sé aghaidh freisin ar na bacainní atá roimh fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) maidir le leathnú trasteorann i gcomhréir leis na Teachtaireachtaí dar teideal *Updating the 2020 New Industrial Strategy* [Straitéis Nua Tionsclaíochta 2020 a thabhairt cothrom le dáta] agus *SME Strategy for a sustainable and digital Europe* [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach]. Cuidíonn sé freisin le deireadh a chur leis na bacainní gan údar agus na hualaí riaracháin atá fós ann sa mhargadh aonair, mar a iarradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 24-25 Márta 2022.

Bunaítear leis sineirgí leis an méid seo a leanas go háirithe:

- Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta,

- Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 95 (rialachán 'e-IDAS') agus an t-athbhreithniú leanúnach a dhéantar air, rud a chuireann leis an gcreat teicniúil dá bhforáiltear leis an Rialachán sin maidir le seirbhísí ríomh-shainaitheantais agus iontaoibhe.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Leis an tionscnamh, déanfar an bloc tógála r-Sheachadadh a athúsáid.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ tréimhse theoranta

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2025 go 2028,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme²

☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht comhroinnte leis na Ballstáit

☐ Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

² Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: <https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>

- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí faoi réir dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideacha phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

Leis an togra nua, i measc nithe eile, déantar raon feidhme Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS) atá ann cheana a úsáid agus a leathnú, córas a bhfuil a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais éigeantach faoi dhlí an Aontais, agus atá á mhaoiniú cheana féin ag an gClár don Eoraip Dhigiteach agus á bhainistiú ag an gCoimisiún. Ní éilíonn an fhorbairt TF a cheanglaítear leis an togra nua seo cistí breise i gcomparáid leo siúd atá á soláthar cheana féin ag an gClár don Eoraip Dhigiteach maidir le cothabháil éabhlóideach (forbairt nua) agus cothabháil choimeádach (fabhtanna a réiteach) ar BRIS (i.e. EUR 2 mhilliún in aghaidh na bliana), ná acmhainní foirne breise.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Déanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach 5 bliana tar éis a chur i bhfeidhm go hiomlán. Déanfaidh an Choimisiún na torthaí a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialúcháin

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, leis na sásraí cur chun feidhme cistiúcháin, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialúcháin atá beartaithe*

Tógann an tionscnamh seo ar Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS) atá ann cheana a d'fhorbair an Coimisiún (AS DIGIT). Leis an togra seo le haghaidh Treoir nua, ní athraítear an modh bainistíochta, an sásra cur chun feidhme cistiúcháin, módúlachtaí íocaíochta agus ná an straitéis rialúcháin atá i bhfeidhm cheana don chóras agus atá in úsáid ag an gCoimisiún.

Leis an Treoir atá beartaithe, méadaítear raon feidhme chóras BRIS atá bunaithe cheana féin, lena soláthraítear bealaí digiteacha le haghaidh cumarsáid leictreonach idir cláir ghnó, agus idir iad agus an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, chomh maith le bealaí nua a sholáthar chun na sonraí sin a fháil (e.g. trí BORIS agus IRI).

Chuige sin, ní mór na sonraíochtaí agus na caighdeáin theicniúla atá ann cheana a fhorbairt a thuilleadh, tuilleadh oibre a dhéanamh ar na bogearraí atá ann cheana agus gníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta a chomhordú.

Chun na cúraimí sin a chur i gcrích, ní gá don Treoir seo atá beartaithe méadú a dhéanamh ar líon foirne sheirbhísí an Choimisiúin atá ag obair ar bhainistiú gnó (1 FTE) agus ar bhainistiú tionscadal (1.25 FTE) in BRIS, agus ní gá di na cistí atá á soláthar cheana féin ag an gClár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh fhorbairt éigeantach chóras BRIS (thart ar EUR 2 mhilliún in aghaidh na bliana) a mhéadú.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a sainaithníodh agus na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Baineann na príomhrioscaí a sainaithníodh leis an méid seo a leanas:

(a) Tréimhse iomarcach agus róchaiteachas i ngeall ar shaincheisteanna cur chun feidhme TF gan choinne i ndáil leis an bhforbairt bhreise TF a theastaíonn ón gCoimisiún chun raon feidhme chóras TF BRIS atá ann cheana a mhéadú. Maolaítear an riosca sin toisc go bhfuil córas BRIS ann cheana féin agus go bhfuil sé aibí, agus go bhfuil sé bunaithe ar bhloic thógála atá ann cheana agus atá aibí — is é sin, bloc tógála r-Sheachadta.

Tugtar aghaidh ar an riosca sin cheana féin leis na gnáthchórais rialaithe inmheánaigh atá in úsáid in BRIS cheana féin, go háirithe rialuithe bainistíochta tionscadal is infheidhme maidir le gach córas a fhorbraíonn an Coimisiún, (i.e. maoirseacht rialachais, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht riosca) lena n-áirítear PM², an mhodheolaíocht bainistíochta tionscadal a d'fhorbair an Coimisiún.

(b) Moilleanna cur chun feidhme agus rolladh amach ar thaobh údaráis na mBallstát féin. Maolaítear an riosca sin cheana féin trí uirlisí cumarsáide agus tuairiscithe seanbhunaithe, trí chomhaontuithe comhair, trí chruinnithe rialta leantacha agus trí thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta atá i gceannas ar an gcur chun feidhme.

- 2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar na leibhéil riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Ní dhéanann an tionscnamh seo difear do chostéifeachtacht rialuithe an Choimisiúin atá ann cheana.

2.3. **Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Tá BRIS á bhainistiú go díreach ag an gCoimisiún. Is í AS DIGIT a fhorbraíonn comhpháirt an Ardáin Lárnaigh Eorpaigh (ECP) go himmheánach, agus is conraitheoir a roghnaítear trí nós imeachta tairisceana a fhorbraíonn comhpháirt an Phointe Rochtana Eorpaigh (EAP) don AS um Cheartas agus Tomhaltóirí (AS JUST).

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ³	ó thíortha CSTE ⁴	ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha is iarrthóirí ionchasach a ⁵	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	02.040501	Difreáilte	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha is iarrthóirí ionchasach	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile

³ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

⁴ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

⁵ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha is iarrthóirí ionchasacha ó na Balcáin Thiar.

				a		
	Ní bhaineann le hábhar					

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	Ceannteideal 1: An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach
--	--------	--

02.040501			2025	2026	2027 ⁶		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
02.040501	Gealltanais	(1a)	2.000	2.000	2.000					6.000
	Íocaíochtaí	(2a)	2.000	2.000	2.000					6.000
Líne buiséid	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ⁷										

⁶ Beidh gá le forbairt TF freisin sa tréimhse a thosóidh ó 2028, chun an cothabháil éabhlóideach a chur i gcrích, agus an chothabháil coimeádach a chur i gcrích ina dhiaidh sin

⁷ Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

Líne buiséid		(3)								
IOMLÁN na leithreasuithe maidir le 02.040501	Gealltanais	=1a+1b +3								
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3								

○ IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	2.000	2.000	2.000					6.000
	Íocaíochtaí	(5)	2.000	2.000	2.000					6.000
○ IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 1: An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	2.000	2.000	2.000					6.000
	Íocaíochtaí	=5+ 6	2.000	2.000	2.000					6.000

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannnteideal oibríochta amháin, líon isteach an roinn thuas arís:

○ IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannnteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	2.000	2.000	2.000					6.000
	Íocaíochtaí	(5)	2.000	2.000	2.000					6.000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannnteideal oibríochta)		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+ 6	2.000	2.000	2.000					6.000
	Íocaíochtaí	=5+ 6	2.000	2.000	2.000					6.000

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

Chun an roinn seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san [Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach](#) (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2025	2026	2027		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
AS JUST									
☒ Acmhainní daonna		0.385	0.385	0.385					1.155
☐ Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN AS JUST	Leithreasuithe	0.385	0.385	0.385					1.155

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n-íocaíochtaí)	0.385	0.385	0.385					1.155
---	--	-------	-------	-------	--	--	--	--	--------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2025	2026	2027 ⁸		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
--	--	------	------	-------------------	--	--	--	--	---------------

⁸ Beidh gá le forbairt TF freisin sa tréimhse a thosóidh ó 2028, chun an cothabháil éabhlóideach a chur i gcrích, agus an chothabháil coimeádach a chur i gcrích ina dhiaidh sin

IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	2.385	2.385	2.385					7.155
	Íocaíochtaí	2.385	2.385	2.385					7.155

3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ↓			2025		2026		2027 ⁹				Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Cineál 10	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	An líon iomlán	An costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ¹¹ Raon feidhme Chóras Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS) atá ann cheana a leathnú																		
- Aschur	Córas TF	2.000	1	2.000	1	2.000	1	2.000										
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach			1	2.000	1	2.000	1	2.000										

⁹ Beidh gá le forbairt TF freisin sa tréimhse a thosóidh ó 2028, chun an cothabháil éabhlóideach a chur i gcrích, agus an chothabháil coimeádach a chur i gcrích ina dhiaidh sin.
¹⁰ Is táirgí agus seirbhísí atá le soláthar iad aschuir (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a thógtar, etc.).
¹¹

Uimh. 1																	
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																	
- Aschur																	
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																	
IOMLÁIN	1	2.000	1	2.000	1	2.000											

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin*

- ☒ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2025	2026	2027		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)	IOMLÁN
--	------	------	------	--	--	---------------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas riaracháin eile								
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 ¹² den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN								
--------	--	--	--	--	--	--	--	--

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

¹² Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indéach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	2025	2026	2027 ¹³		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)
OPoist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)					
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	2.25	2.25	2.25		
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)					
01 01 01 01 (Taighde indíreach)					
01 01 01 11 (Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					
O Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: FTE)¹⁴					
20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')					
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)					
XX 01 xx yy zz¹⁵	- sa Cheanncheathrú				
	- i dToscaireachtaí				
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)					
01 01 01 12 (AC, END, INT – Taighde díreach)					
Línte buiséid eile (sonraigh)					

¹³ Beidh acmhainní daonna ag teastáil freisin sa tréimhse ó 2028, chun bainistíocht gnó agus tionscadal a chur ar fáil don chóras.

¹⁴ AC = Baill foirne ar conradh; AL = Baill foirne áitiúla; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT = Baill foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

¹⁵ Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

IOMLÁN	2.25	2.25	2.25				
---------------	------	------	------	--	--	--	--

XX is ea an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus foireann shealadach	Ní mhéadaítear leis an togra seo líon foirne reatha ranna an Choimisiúin atá ag obair cheana féin ar bhainistiú gnó (1 FTE) agus ar bhainistiú tionscadal (1.25 FTE) in BRIS.
Foireann sheachtrach	

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. Cuir tábla Excel ar fáil i gcás athchlárú mór.

Tá forbairt BRIS cumhdaithe cheana féin leis an gClár don Eoraip Dhigiteach. Ní éilítear leis an togra nua seo buiséad breise i gcomparáid leis an mbuiséad atá á chur ar fáil cheana féin d'fhorbairt TF ag an gClár don Eoraip Dhigiteach maidir le cothabháil éabhlóideach (forbairt nua) agus cothabháil choimeádach (fabhtanna a réiteach) ar BRIS (i.e. EUR 2 mhilliún in aghaidh na bliana).

- ☐ is gá an corrlach neamh-leithdháilte faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2025	2026	2027		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								

IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								
---	--	--	--	--	--	--	--	--

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t- ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ¹⁶					
		2025	2026	2027		Cuir isteach an oiread blianta is gá chun fad an tionchair a léiriú (féach pointe 1.6)	
Airteagal							

I gcás ioncam sannta, sonraigh an líne/na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dó/dóibh.

Barúlacha eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

¹⁶

Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % bainte astu le haghaidh costais bhailiúcháin.